

**The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended 31 December 2018**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018**

**Tha Boord o Leid
An Account o the Darg
for the year hinmaist 31 Decemmer 2018**

Foras na Gaeilge
63-66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
+353 (0)1 6398400

www.forasnagaeilge.ie
eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
+44 (0)28 9089 0970

Foras na Gaeilge
An Chrannóg
Na Doirí Beaga
Gaoth Dobhair
Dún na nGall
+353 (0)74 9560113 / 9560114

Foras na Gaeilge
(Clár na Leabhar Gaeilge)
Ráth Chairn
Baile Átha Buí
Co. na Mí
+353 (0)46 9430419

Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (ÁIS)
Aonad 3
Páirc Ghnó Dhún Seachlainn
Dún Seachlainn
Co. na Mí
+353 (0)1 6616522

The Ulster-Scots Agency
The Corn Exchange
31 Gordon Street
Belfast
BT1 2LG
+44 (0)28 9023 1113

www.ulsterscotsagency.com
info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
William Street
Raphoe
Co. Donegal
+353 (0)74 9173876



**The North / South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended 31 December 2018**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018**

**Tha Boord o Leid
An Accoont o tha Darg
for the year hinmaist 2018**

The Language Body is a North/South implementation body sponsored by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG) and the Department for Communities (DfC). It was established on the 2nd of December 1999 under the British-Irish Agreement which set up the implementation bodies and was underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-island basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

Further information and Board minutes are available on the agencies' websites:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Is comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh na comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus de Ghníomhaireacht na hUltaise. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Is é príomhfheidhm Ghníomhaireacht na hUltaise eolas níos fearr faoin Ultais agus úsáid na hUltaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Tá breis eolais agus miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh gréasáin na ngníomhaireachtaí:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Contents

Board Members of The Language Body	<i>4</i>
Joint Introduction	<i>5</i>
Report of Foras na Gaeilge	<i>6</i>
Report of The Ulster-Scots Agency	<i>38</i>
Financial Statements	<i>62</i>

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	4
Comhréamhrá	5
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	6
Tuairisc Ghníomhaireacht na hUltaise	38
Ráitis Airgeadais	62

Board Members of the Language Body

The following served as Board Members during 2018

Joint-Chairpersons

Pól Ó Gallchóir

Keith Gamble*

Allen McAdam*

Julie Andrews*

Seán Ó hArgáin

Iain Carlisle*

Sorcha Ní Chéidigh

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coistealbha

Maighréad Ní Chonghaile

Seán Mícheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Mairéad Farrell

Ida Fisher*

Niall Ó Gallochobhair

Val O'Kelly*

Frederick Kettyle* (Vice Chairperson, Ulster-Scots Agency)

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí (Deputy Chairperson, Foras na Gaeilge)

David McNarry*

Máire Ní Neachtain

**Denotes Board membership of The Ulster-Scots Agency; unmarked denotes Board membership of Foras na Gaeilge.*

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Bhí na daoine seo leanas ina gComhaltaí Boird le linn 2018

Comh-Chathaoirligh

Pól Ó Gallchóir

Keith Gamble*

Allen McAdam*

Julie Andrews*

Seán Ó hArgáin

Iain Carlisle*

Sorcha Ní Chéidigh

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coistealbha

Maighréad Ní Chonghaile

Seán Mícheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Mairéad Farrell

Ida Fisher*

Niall Ó Gallochobhair

Val O'Kelly*

Frederick Kettle* (Leas-Chathaoirleach, Gníomhaireacht na hUltaise)

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach, Foras na Gaeilge)

David McNarry*

Máire Ní Neachtain

**Léiríonn ballraíocht de Bhord Ghníomhaireacht na hUltaise; léiríonn easpa réiltín ballraíocht de Bhord Fhoras na Gaeilge.*

Thegither Forethocht • Joint Introduction • Comhréamhrá

2018 was a year of significant developments for both agencies of the North-South Language Body / An Foras Teanga.

The Ulster-Scots Agency delivered a step change in its promotion of Ulster-Scots/Scotch-Irish links to the USA, with a major programme to mark the tercentenary of the 1718 Migration; the launch of the new Eric Montgomery Gallery at the Discover Ulster-Scots Centre; participation in the first ever Nashville in Belfast Week and working with the NI Bureau in Washington to support events in Brunswick, Maine and New Orleans, Louisiana.

Support for Ulster-Scots communities across Ulster continued apace, with the distribution of over £1.35m in grant aid for a range of activities, including music and dance tuition, summer schools and community festivals. Agency funding for the Ulster-Scots Community Network also helped our community sector to lever additional funding from other sources. Activity in the Border Counties also continued to expand, with an extensive upgrade of the Monreagh Ulster-Scots Heritage Centre in East Donegal, which hosted a new and very successful Gathering of the Clans; and the continued growth of the annual Ulster-Scots Heritage Day in Raphoe, which welcomed over 2,500 visitors.

The promotion of learning around Ulster-Scots has also continued to progress, with work ongoing to develop new curriculum-focused resources in partnership with CCEA in Northern Ireland. A further 13 schools attained Ulster-Scots Flagship School status and 454 students achieved accredited qualifications in Ulster-Scots musical traditions.

2018 was a very successful year for Foras na Gaeilge during which grants to the value of over €10.2m were provided to promote the language on an all-island basis. For example, through the Summer Camps Scheme Foras na Gaeilge provided grants for 86 camps throughout the island of Ireland in which over 3,880 young people took part. Through the Youth Events Scheme (2018-2019) 85 grants were provided to groups to run events attended by over 4,980 young people.

A conscious effort was made to increase engagement with our stakeholders, particularly the public. One example was a high-level joint committee established by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Foras na Gaeilge to lead a programme of support for Bliain na Gaeilge (Year of the Irish Language) and oversee spending of the additional allocation of over €500k sanctioned by the Department for its implementation. As part of this, one of our funded lead-organisations, Conradh na Gaeilge, co-ordinated a comprehensive awareness campaign about the language during Bliain na Gaeilge.

Crucial organisational planning took place within Foras na Gaeilge during the year, for example, in order to fulfil the statutory obligations arising from the General Data Protection Regulation (GDPR). The regulation came into force on the 25th of May 2018. This work on GDPR included identifying the possible challenges that might arise on a daily, operational level as a result of Brexit and was just one example of preparation and planning undertaken with Foras na Gaeilge across the entire range of the organisation's operations to ensure business continuity post-Brexit.

Other important work by Foras na Gaeilge during the year was the organisation's role in implementing the statutory Language Planning Process. As part of this, information meetings were held in conjunction with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in 4 designated towns in relation to a lead-in appointment process to co-ordinate the towns' language plans to function as Gaeltacht Service Towns.

Keith Gamble
Chairman
The Ulster-Scots Agency

Pól Ó Gallchóir
Chairperson
Foras na Gaeilge

Comhréamhra • Thegither Forethocht • Joint Introduction

Ba bhliain shuntasach í 2018 inar tharla forbairtí suntasacha don dá ghníomhaireacht de chuid an Fhorais Teanga.

Tháinig mórathrú ar an dóigh a gcuireann Gníomhaireacht na hUltaise an Ultais agus naisc na nAlbanach-Éireannach chun cinn i SAM, agus clár suntasach ann le comóradh a dhéanamh ar thrí chéad bliain ó imirce na nAlbanach Ultach go Meiriceá in 1718: mar shampla oscailt Dhánlann Eric Montgomery in Ionad Eolais na hUltaise, rannpháirtíocht sa chéad Sheachtain Nashville i mBéal Feirste riamh agus comhoibriú le Biúró Thuaisceart Éireann in Washington le himeachtaí a eagrú in Brunswick, Maine agus New Orleans, Louisiana.

Leanadh den tacaíocht do phobail na hUltaise ar fud Chúige Uladh le cúnamh deontais ar luach £1.35 milliún le réimse imeachtaí a eagrú, lena n-áirítear teagasc ceoil agus damhsa, scoileanna samhraidh agus féilte pobail. Chuidigh maoiniú na Gníomhaireachta do Líonra Pobail na hUltaise (LPU) le grúpaí pobail agus iad ag iarraidh teacht ar fhoinsí eile maoinithe. Tháinig fás ar na himeachtaí i gcontaetha cois teorann, le hathchóiriú leitheadach ar Ionad Oideachais Ultaise ar an Mhóin Riabhach i nDún na nGall Thoir, áit ar tharla chéad Chruinniú na gClann agus d'éirigh go hiontach leis. Tá fás leanúnach ag teacht ar Lá Oidhreachta Ultaise Ráth Bhoth le breis agus 2,500 cuairteoir ann.

Tháinig feabhas ar chur chun cinn fhoghlaim na hUltaise chomh maith agus tá obair ar siúl le háiseanna dírithe ar an gcuraclam a fhorbairt i gcomhpháirt leis an gComhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM). D'éirigh le 13 scoil sa Chlár Scoileanna Suaitheantais agus d'éirigh le 454 dalta cáilíochtaí creidiúnaithe a bhaint amach i dtraidisiúin cheoil na hUltaise.

Bliain an-rathúil a bhí in 2018 d'Fhoras na Gaeilge inar cuireadh deontais ar luach breis is €10.2m ar fáil leis an teanga a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Mar shampla, trí Scéim na gCampaí Samhraidh chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil do 86 campa fud fad oileán na hÉireann inar ghlac os cionn 3,880 duine óg páirt. Trí Scéim na nImeachtaí Oige (2018-2019) soláthraíodh 85 dheontas do ghrúpaí chun imeachtaí a réachtáil ar fhreastail breis is 4,890 duine óg orthu.

Rinneadh iarracht chomhfhiosach dul i bpáirt níos mó lenár gcuid páirtithe leasmhara go háirithe leis an bpobal in 2018. Sampla amháin ba ea comhchoiste ardleibhéil a bhunaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Foras na Gaeilge le stiúir a dhéanamh ar chlár tacaíochta do Bhliain na Gaeilge agus maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas an liúntais breise os cionn €500k a cheadaigh an Roinn chun í a fheidhmiú. Mar chuid de seo d'eagraigh ceann dár gceanneagraíochtaí maoinithe, Conradh na Gaeilge, feachtas cuimsitheach feasachta faoin teanga le linn Bhliain na Gaeilge.

Rinneadh pleanáil eagraíochtúil rithábachtach laistigh d'Fhoras na Gaeilge le linn na bliana, mar shampla, leis na dualgais reachtúla a eascraíonn ón Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh. Tháinig an rialachán i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Mar chuid den obair seo ar RGCS aithníodh dúshlán fhéideartha a d'fhéadfadh eascairt ag leibhéal laethúil, oibríochtúil ón mBreatimeacht agus ní raibh ansin ach sampla amháin den ullmhúchán agus pleanáil a rinneadh in 2018 laistigh d'Fhoras na Gaeilge i bhfeidhmeanna oibríochtúla uile na heagraíochta le leanúnachas gnó a chinntiú i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Obair thábhachtach eile ar thug Foras na Gaeilge fúithi le linn na bliana ba ea ról na heagraíochta i bhfeidhmiú an Phróisis Pleanála Teanga a bhfuil bunús reachtúil leis. Mar chuid de seo, réachtáladh cruinnithe eolais i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i 4 bhaile ainmnithe maidir le réamhphróiseas ceapacháin chun pleananna teanga na mbailte feidhmiú mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a chomhordú.


Keith Gamble
Chairman
The Ulster-Scots Agency

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge



Tuairisc Fhoras na Gaeilge

Report of Foras na Gaeilge



CONTENTS

Chairperson's Introduction 8

Status 9

Acquisition 16

Use 21

Communication 28

Policy, Planning and Research 31

Remuneration Report 35

CLÁR

<i>Réamhrá an Chathaoirligh</i>	<i>8</i>
Stádas	9
Sealbhú	16
Úsáid	21
Cumarsáid	28
Polasaí, Pleanáil agus Taighde	31
<i>Tuairisc ar Luach Saothair</i>	<i>35</i>

CHAIRMAN'S INTRODUCTION

It gives me pleasure to present this Annual Report which gives an account of Foras na Gaeilge's work during the year. 2018 was a very successful year during which the organisation provided grants to the value of over €10.2m to promote the language on an all-island basis. For example, through the Summer Camps Scheme Foras na Gaeilge provided grants for 86 camps throughout the island of Ireland in which over 3,880 young people took part. Through the Youth Events Scheme (2018-2019) 85 grants were provided to groups to run events attended by over 4,980 young people.

2018 saw the organisation proactively engaging with our stakeholders and particularly the public through several projects and initiatives. One such venture was a high-level joint committee established by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Foras na Gaeilge to lead a programme of support for Bliain na Gaeilge (Year of the Irish language) and oversee spending of the additional allocation of over €500k sanctioned by the Department for its implementation. As part of this, one of our funded lead-organisations, Conradh na Gaeilge, co-ordinated a comprehensive awareness campaign about the language during Bliain na Gaeilge.

Crucial organisational planning took place during the year, for example, in order to fulfil the statutory obligations arising from the General Data Protection Regulation (GDPR). The regulation was adopted on 14 April 2016 and came into force on 25 May 2018. This work on GDPR included identifying the possible challenges that might arise on a daily, operational level as a result of Brexit and was just one example of preparation and planning undertaken during 2018 within Foras na Gaeilge across the entire range of the organisation's operations to ensure business continuity post-Brexit.

Other important work undertaken by Foras na Gaeilge during the year was the implementation of the statutory Language Planning Process. As part of this work, a series of information meetings was held in conjunction with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in 4 designated towns in relation to a lead-in appointment process to co-ordinate the towns' language plans to function as Gaeltacht Service Towns.

2018 also saw Foras na Gaeilge become involved in the Steering Committee of the Action Plan 2018-2022 which was compiled to implement the 20 Year Strategy for the Irish Language 2010-2030 and to track progress on medium term targets.

Pól Ó Gallchóir
Chairperson

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur in bhur láthair le hobair Fhoras na Gaeilge in 2018 a thuairisciú. Bliain an-rathúil a bhí in 2018 inar chuir an eagraíocht deontais de bhreis is €10.2m ar fáil leis an teanga a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Mar shampla, trí Scéim na gCampaí Samhraidh chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil do 86 campa fud fad oileán na hÉireann inar ghlac os cionn 3,880 duine óg páirt. Trí Scéim na nImeachtaí Óige (2018-2019) soláthraíodh 85 dheontas do ghrúpaí chun imeachtaí a reáchtáil ar fhreastail breis is 4,890 duine óg orthu.

Chumar i bpáirt go gníomhach lenár gcuid páirtithe leasmhara go háirithe leis an bpobal in 2018 trí roinnt tionscadal agus tionscnamh. Ina measc bhí an coiste ardleibhéil a bhunaigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Foras na Gaeilge le stiúir a dhéanamh ar chlár tacaíochta do Bhliain na Gaeilge agus maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas an liúntais breise os cionn €500,000 a cheadaigh an Roinn chun í a fheidhmiú. Mar chuid de seo d'eagraigh ceann dár gceanneagraíochtaí maoinithe, Conradh na Gaeilge, feachtas cuimsitheach feasachta faoin teanga le linn Bhliain na Gaeilge.

Cuireadh pleanáil eagraíochtúil rithábachtach i gcrích le linn na bliana, mar shampla, leis na dualgais reachtúla a eascraíonn ón Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh. Glacadh leis an rialachán ar an 14 Aibreán 2016 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Mar chuid den obair seo ar RGCS aithníodh dúshláin fhéideartha a d'fhéadfadh eascairt ag leibhéal laethúil, oibríochtúil ón mBreatimeacht agus ní raibh ansin ach sampla amháin den ullmhúchán agus pleanáil a rinneadh in 2018 laistigh d'Fhoras na Gaeilge i bhfeidhmeanna oibríochtúla uile na heagraíochta le leanúnachas gnó a chinntiú i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Obair thábhachtach eile ar thug Foras na Gaeilge fúithi le linn na bliana feidhmiú an Phróisis Phleanála Teanga a bhfuil bunús reachtúil leis. Mar chuid de seo, reáchtáladh cruinnithe eolais i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i 4 bhaile ainmnithe maidir le réamhphróiseas ceapacháin chun pleananna teanga na mbailte feidhmiú mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a chomhordú.

Chuaigh Foras na Gaeilge i bpáirt in 2018 freisin sa Choiste Stiúrtha ar Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 a tiomsaíodh leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a fheidhmiú agus leis an dul chun cinn ar spriocanna meántéarmacha a rianú.

Pól Ó Gallchoir
Cathaoirleach

CORPORATE OBJECTIVE 1:

STATUS - *Strengthening the status of Irish*

ENHANCE THE STATUS OF THE IRISH LANGUAGE THROUGH COLLABORATION AND PARTNERSHIP

Partnership Approach

Funding of €840,866 was provided to the lead organisation Conradh na Gaeilge to carry out a programme of work in the area of Raising Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the language with state authorities). The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht provided an additional allowance to Foras na Gaeilge to coordinate the celebration of 2018 as Bliain na Gaeilge (the Year of the Irish Language).

A business plan for the year was agreed with Conradh na Gaeilge on which reporting and monitoring were carried out quarterly. An Irish language Act and Irish language Strategy for Northern Ireland are still being sought by Conradh na Gaeilge. Conradh na Gaeilge is working continuously as part of the Dream Dearg campaign to ensure that politicians deliver on assurances given.

Seachtain na Gaeilge was held with Energia from 1-17 March 2018 and some 750,000 people took part in community and school events throughout Ireland and the world. The major street festival BEO was held as the main event of the festival and was attended by 7,000 people. Also a huge success was Social Media Day, 16 March 2018, which celebrated the development of the Irish language online.

Poll figures in 2018 from Kantar Millward Brown for Conradh na Gaeilge, as part of the annual *What is the Story?* research, show strong support in the community for the Irish language and for the Gaeltacht. Two thirds of the population, for example, in the south and almost half of the population in the north believe that the state should provide more support for the Irish language.

International Work

Foras na Gaeilge participated in networks for the promotion of linguistic diversity (such as the European Federation of National Institutions for Language and Network to Promote Linguistic Diversity) during the year.

PROVIDING SUPPORT AND ADVICE TO THE PUBLIC SECTOR

Implementation of Language Planning Process

A series of information meetings was held in conjunction with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in three towns nominated to organise a recruitment process to select a lead organisation to coordinate the preparation of each town's language plan.

In accordance with the Government's language planning process, Foras na Gaeilge was represented on Donegal County Council's advisory committee to prepare a County Language Plan.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1: STÁDAS - *Stádas na Gaeilge a neartú*

CUR LE STÁDAS NA GAEILGE TRÍ CHOMHOIBRIÚ AGUS TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT

Cur Chuige Comhpháirtíochta

Cuireadh maoiniú €840,866 ar fáil don cheanneagraíocht Conradh na Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit). Cheadaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta liúntas breise d'Fhoras na Gaeilge maidir le ceiliúradh Bhliain na Gaeilge a chomhordú in 2018.

Aontaíodh plean bliana le Conradh na Gaeilge a ndearnadh tuairisciú agus monatóireachta ráithiúil air. Tá Acht Gaeilge agus Straitéis Ghaeilge ó thuaidh á n-éileamh ag Conradh na Gaeilge i gcónaí. Tá obair leanúnach ar siúl ag Conradh na Gaeilge mar chuid d'fheachtas an Dreama Dheirg lena chinntiú go gceolfídh na polaiteoirí le gealltanais a tugadh.

Reáchtáladh Seachtain na Gaeilge le Energia ó 1-17 Márta 2018 agus ghlac 750,000 duine páirt in imeachtaí pobail agus scoile ar fud na hÉireann agus na cruinne. Reáchtáladh an mhórfhéile shráide BEO mar mhórimeacht na féile agus d'fhreastail 7,000 duine uirthi. D'éirigh go hiontach freisin le Lá na Meán Sóisialta, 16 Márta 2018, a cheiliúraigh forbairt na Gaeilge ar líne.

Léirigh figiúirí phobalbhreith 2018 Kantar Millward Brown ar son Chonradh na Gaeilge, mar chuid den taighde bliantúil *Céard é an Scéal?* go bhfuil tacaíocht láidir sa phobal don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Mar shampla, creideann dhá thrian den daonra ó dheas agus nach mór leath den phobal ó thuaidh gur cheart don stát níos mó tacaíochta a chur ar fáil don Ghaeilge.

Obair Idirnáisiúnta

Bhí Foras na Gaeilge páirteach i ngréasáin do chur chun cinn na héagsúlachta teangeolaíche (ar nós European Federation of National Institutions for Language agus Network for Promotion of Linguistic Diversity) le linn na bliana.

TACAÍOCHT AGUS COMHAIRLE A CHUR AR FÁIL DON EARNÁIL PHOIBLÍ

Forfheidhmiú an Phróisis Pleanála Teanga

Reáchtáladh sraith de chruinnithe eolais i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtrí bhaile ainmnithe maidir le próiseas ceapacháin a réachtáil le ceanneagraíocht a roghnú chun ullmhúchán phlean teanga an bhaile a chomhordú.

Faoi réir phróiseas pleanála teanga an Rialtais, rinne Foras na Gaeilge ionadaíocht ar choiste comhairleach Chomhairle Contae Dhún na nGall ar mhaithe le Plean Teanga Contae a ullmhú.

Irish Language Officers Scheme

Through the Irish Language Officers Scheme, Foras na Gaeilge provides co-funding to local councils in the north to give them the opportunity to provide services through Irish and to support them in developing the promotion and use of Irish.

Foras na Gaeilge held a consultation process during 2017 to ascertain public opinion on the future of the Irish Language Officers Scheme in local government in Northern Ireland. Based on the results of that process, a decision was made in February 2018 that Foras na Gaeilge will co-fund Irish Language Officers posts in the following councils over the 3-year period of the scheme: Derry City and Strabane District Council; Belfast City Council; Fermanagh & Omagh District Council.

Specialised Irish courses

Gaelchultúr was selected via open competition to provide specialised courses to the public sector from 2015 to February 2018.

Freagra

Freagra is a helpline which provides phrases and terms to the public sector and to those dealing with work through Irish. Inquiries are responded to within 24 hours. The service is available free on a landline, and via text (on mobile phone mobile) and email.

SUPPORTING THE TRANSLATION SECTOR AND ENHANCING THE PROFESSIONALISM OF THE SECTOR

Aistear

Funding was provided to Aistear to provide courses and resources to translators and editors working with material in the Irish language.

SUPPORTING RAISING AWARENESS OF IRISH IN THE BUSINESS SECTOR

The awareness campaign about the value and usefulness of the Irish language continued in the business sector. Advice, translation and proofreading services were provided to various groups in the sector, particularly as part of the Seachtain na Gaeilge (Irish language week) celebrations, including: The Marketing Institute of Ireland, Business All-Stars, Irish Hospitality Institute, Gaisce, Gnó Mhaigh Eo, Gael-Taca, Regional Skills Dublin, the chambers of commerce and the enterprise boards. As part of the preparation to develop a support strategy to the business sector a survey and consultation were carried out across a wide range of stakeholders.

An information service focused on the use of Irish in the context of the business sector was provided in the form of tweets on Twitter with more than 1,200 followers by year end.

A total of 31 specialist support resources for the business sector have been developed and are available free of charge via the self-order system, and as part of the support package containing a selection of self-adhesive signs, badges, leaflets and other items to enhance the visibility of the Irish language in a business environment. In 2018, 152 orders were dealt with and over 45,277 resources made available to businesses in some 26 counties and to 4 overseas clients.

Scéim na nOifigeach Gaeilge

Trí Scéim na nOifigeach Gaeilge, cuireann Foras na Gaeilge cómhaoiniú ar fáil do chomhairlí áitiúla ó thuaidh le deis a thabhairt dóibh seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge agus le tacú leo forbairt a dhéanamh ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge.

Reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas comhairliúcháin le linn 2017 le tuairim an phobail a fháil maidir le todhchaí Scéim na nOifigeach Gaeilge sa rialtas áitiúil i dTuaisceart Éireann. Bunaithe ar thorthaí an phróisis sin, glacadh cinneadh i mí Feabhra 2018 go ndéanfaidh Foras na Gaeilge cómhaoiniú ar phoist Oifigeach Gaeilge sna comhairlí seo a leanas thar thréimhse 3 bliana na scéime: Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin; Comhairle Cathrach Bhéal Feirste; Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

Sainchúrsaí Gaeilge

Roghnaíodh Gaelchultúr trí chomórtas oscailte le sainchúrsaí a chur ar fáil don earnáil phoiblí ó 2015 go dtí Feabhra 2018.

Freagra

Líne chabhrach atá i bhFreagra chun nathanna agus téarmaí a chur ar fáil don earnáil phoiblí agus do dhaoine a bhíonn ag déileáil le hobair trí Ghaeilge. Freagraítear fiosrúcháin laistigh de 24 uair an chloig. Cuirtear an tseirbhís ar fáil saor in aisce trí líne thalún, trí théacs (ar ghuthán póca) agus trí ríomhphost.

TACÚ LE HEARNÁIL AN AISTRIÚCHÁIN AGUS CUR LE GAIRMIÚLACHT NA HEARNÁLA

Aistear

Cuireadh maoiniú ar fáil d'Aistear chun cúrsaí agus acmhainní a chur ar fáil d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí a bhíonn ag plé le hábhar trí Ghaeilge.

TACÚ LE HARDÚ FEASACHTA GAEILGE SAN EARNÁIL GNÓ

Leanadh den fheachtas feasachta ar luach agus ar fheidhm na Gaeilge in earnáil an ghnó. Cuireadh ar fáil seirbhísí comhairle, aistriúcháin agus léitheoireacht profaí do ghrúpaí éagsúla san earnáil, go háirithe mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, ina measc: Institiúid Margaíochta na hÉireann, Business All-Stars, Institiúid Aíochta na hÉireann, Gaisce, Gnó Mhaigh Eo, Gael-Taca, Scileanna Réigiúnacha, Baile Átha Cliath, na cumainn tráchtála gnó agus na boird frontair. Mar chuid d'ullmhúchán ar fhorbairt straitéise tacaíochta don earnáil gnó, rinneadh suirbhé agus comhairliúchán ar réimse leathan de pháirtithe leasmhara.

Soláthraíodh seirbhís eolais i bhfoirm giolcacha ar Twitter dírithe ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó ag a raibh breis agus 1,200 leantóir faoi dheireadh na bliana.

Tá 31 sain-áis tacaíochta don earnáil gnó forbartha agus ar fáil saor in aisce tríd an gcóras féinordaithe agus mar chuid den phacáiste tacaíochta ina bhfuil rogha de chomharthaí féinghreamaithe, suaitheantais, bileoga agus earraí eile chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht ghnó. In 2018, déileáladh le 152 ordú ina raibh breis agus 45,277 n-áis curtha ar fáil do ghnólachtaí in 26 contae éagsúla agus do 4 chliant thar lear.

Among the business projects sponsored was the All-Ireland Marketing Awards 2018 organised by The Marketing Institute of Ireland, with Energia as the winner of the category Marketing Award for Irish. A new partnership was also formed with the All-Ireland Business Summit to present Irish to another business platform. As part of this, Senator Pádraig Ó Céidigh gave a keynote presentation on the use of Irish in business and Eyre Square Shopping Centre in Galway was presented with a new award recognising good practice in bilingualism.

RAISING THE STATUS OF IRISH AMONG YOUNG PEOPLE

Gaelbhrtach

Foras na Gaeilge approved a grant of €120,000 for the Gaelbhrtach project. The aim of the Gaelbhrtach scheme is to encourage the use of Irish not only in the classroom but also as the language of the school community. The emphasis is on communicative Irish and the importance of language awareness in particular as a method of the children's learning. Gaelbhrtach is awarded in recognition of the school's efforts. There are 74 L2 (Irish is not the first language of the school) primary schools and 10 L1 primary schools (Irish is the first language of the school) participating in the 2018/2019 school year and 70 post-primary schools are also involved. There is a waiting list for the scheme (52 schools at primary level and 53 schools at post-primary level) and they will be accepted as space on the project becomes available. Over 700 schoolchildren, primary and post-primary, attended the Gaelbhrtach presentation in Leopardstown Racecourse in Dublin on Tuesday, 22nd of May 2018. 80 schools in total were awarded flags.

The Department of Education and Skills also provided additional funding of €25,000 to the project during 2018.

IMRAM

IMRAM's Irish language literary events were organised again in 2018 with a wide range of events that included prose, poetry and music bringing Irish speakers from across the island together and providing a showcase for publishers and authors to present their work. These events provided an important platform for Irish language writing and Irish language writers.

Among the events in 2018 was the major event of the year, Ring them Bells, based on the music of Bob Dylan; Saighdiúir Farraige – a celebration of the life and work of Domhnall Mac Síthigh; Ceardaí Focal – a tribute night in memory of Liam Ó Muirthile; An tEarrach Thiar – musical settings of some of Ó Direáin's poems by singer Liam Ó Maonlaí; Imram na nÓg – storytelling workshops with Máire Zepf; and an interactive workshop on studio work by Peadar Ó Goill.

IMRAM also cooperated with other festivals and in conjunction with other organisations during the year, such as the Tarot Project and the Táin Project that were part of the ILFD (International Literature Festival Dublin).

RAISING THE STATUS OF IRISH

Conradh na Gaeilge and Bliain na Gaeilge (Year of the Irish language)

Funding of €840,866 was provided to lead organisation Conradh na Gaeilge to complete a work program in the area of Raising Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the language) with state authorities. A series of public awareness-raising sessions and successful

I measc na dtionscadal urraíochta gnó bhí Duaiseanna Margaíochta Uile-Éireann 2018 arna eagrú ag Institiúid Margaíochta na hÉireann, le hEnergia mar bhuaiteoir na catagóire Gradam Margaíochta le Gaeilge. Rinneadh comhpháirtíocht nua chomh maith leis na Duaiseanna Gnó Uile-Éireann leis an nGaeilge a chur i láthair ardán eile gnó. Mar chuid de sin, thug an Seanadóir Pádraig Ó Céidigh eochairchaint uaidh ar úsáid na Gaeilge sa ghnó agus bronnadh gradam ar Ionad Siopadóireachta na Faiche Móire i nGaillimh faoin gcatagóir úr dírithe ar dhea-chleachtas an dátheangachais.

STÁDAS NA GAEILGE A ARDÚ I MEASC DAOINE ÓGA

Gaelbhrtach

Cheadaigh Foras na Gaeilge deontas ar luach €120,000 don tionscadal Gaelbhrtach. Is é aidhm na scéime Gaelbhrtach ná úsáid na Gaeilge a spreagadh, ní hamháin sa seomra ranga, ach mar theanga phobal na scoile chomh maith. Leagtar an bhéim ar an nGaeilge chumarsáideach agus ar thábhacht na feasachta teanga mar mhodh foghlama na bpáistí go háirithe. Bronntar Gaelbhrtach mar ghradam aitheantais as ucht iarrachtaí na scoile. Tá 74 bunscóil T2 (ní hí an Ghaeilge chéad teanga na scoile) agus 10 mbunscóil T1 (is í an Ghaeilge chéad teanga na scoile) páirteach sa scéim sa bhliain scoile 2018/2019 agus tá 70 iar-bhunscóil páirteach ann chomh maith. Tá liosta feithimh ann don scéim (52 scoil ag an mbunleibhéal agus 53 scoil ag an iar-bhunleibhéal) agus glacfar leo de réir mar a thagann spás ar an tionscadal chun tosaigh. D'fhreastail breis is 700 dalta scoile, bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal, ar ócáid bhronnta Gaelbhrtach i Ráschúrsa Bhaile na Lobhar i mBaile Átha Cliath, Dé Máirt an 22 Bealtaine 2018. Bronnadh bratacha ar 80 scoil san iomlán.

Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú breise ar luach €25,000 ar fáil don tionscadal le linn 2018 chomh maith.

IMRAM

Reáchtáladh imeachtaí litríochta Gaeilge de chuid IMRAM arís in 2018 le réimse leathan imeachtaí a chuimsigh prós, filíocht agus ceol ionas go mbeadh teacht le chéile ag na cainteoirí Gaeilge ar fud an oileáin agus go mbeadh deis ag foilsitheoirí agus údair na Gaeilge a gcuid saothar a chur i lár an aonaigh. Thug na himeachtaí seo ardán iontach tábhachtach do scríbhneoireacht agus do scríbhneoirí na Gaeilge.

I measc na n-imeachtaí in 2018 bhí mórimeacht na bliana, Buail na Cloig, bunaithe ar cheol Bob Dylan; Saighdiúir Farraige – ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar Dhomhnaill Mhic Síthigh; Ceardaí Focal – oíche ómóis i gcuimhne ar Liam Ó Muirthile; An tEarrach Thiar – cóiriú ceoil ar dhánta de chuid an Direánaigh don amhránaí Liam Ó Maonlaí; Imram na nÓg – ceardlanna scéalaíochta le Máire Zepf; agus ceardlann idirghníomhach ar obair stiúideo le Peadar Ó Goill.

Chomhoibrigh IMRAM le féilte eile agus i gcomhar le heagraíochtaí eile i rith na bliana chomh maith, ar nós Tionscadal an Tarot agus Tionscadal na Tána a bhí mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Litríochta Bhaile Átha Cliath.

STÁDAS NA GAEILGE A ARDÚ

Conradh na Gaeilge agus Bliain na Gaeilge

Cuireadh maoiniú €840,866 ar fáil don cheanneagraíocht Conradh na Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit). Reáchtáladh sraith

campaigns were held throughout the island, such as An Dream Dearg and #AchtAnois. Conradh na Gaeilge also coordinated a comprehensive work program aimed at activities and raising awareness during Bliain na Gaeilge. Over 75,000 people attended events funded under Bliain na Gaeilge.

Michael D. Higgins, President of Ireland was patron of Bliain na Gaeilge 2018. To launch the project a segment he recorded in which he encouraged the public to take part in the year's events was broadcast on the programme *Fáilte 2018* on TG4. Lynette Fay, Eoghan McDermott and Bláthnaid Ní Chofaigh were ambassadors for Bliain na Gaeilge 2018.

One of the main events of Bliain na Gaeilge was BEO: Gaelach & Bródúil which took place in Dublin on the 14th of April. There was plenty of entertainment with Scannal, Kíla and Delorentos. President Michael D. Higgins, also spoke to the crowd. The event was covered on RTÉ News and TG4, and received very positive feedback;

- 7,000 people of all ages took part;
- 17 buses came to Dublin from all over the island;
- 1,400 tweets used the official hashtag #GaeilgeBheo;
- 96% of participants said they would attend the event again.

350,000 copies of the CEOL 2018 CD were distributed (to all post-primary students who are studying Irish, and a copy to every primary school) as part of Bliain na Gaeilge. Both hard copy and download codes were distributed. Musicians who participated included Macklemore, Picture This, JP Cooper, John Gibbons and more. The songs were accompanied by videos and almost 1,000,000 viewed the video of Picture This, for example. Eoghan McDermott was central to this project.

Two school competitions were held as part of Bliain na Gaeilge 2018. One of them was an art competition for primary schools, and a prize of €1,000 was awarded for the best picture in each county. Almost 4,000 applications were submitted for the art competition. The other competition was called Gaelfhiseán na Bliana. This competition was open to primary and post-primary schools. Schools were asked to create music videos in Irish. €1,000 was awarded for the best video in each county, and over 200 entries were submitted for this competition. The Bliain na Gaeilge team travelled around the island to award the prizes to each winning school – 64 events in which €64,000 was awarded. As part of Bliain na Gaeilge, and for the first time ever, the island's biggest music festival, Electric Picnic, had a Gaeltacht camping site.

During Bliain na Gaeilge, many opportunities were created to discuss the situation of the Irish language and the Gaeltacht. The issues were raised when Bliain na Gaeilge was discussed on a programme on the radio station Newstalk – this was the origin of the Twitter hashtag #NílSéCGL which was widely trending on the site. A documentary was commissioned on RTÉ which was presented by Bláthnaid Ní Chofaigh, one of the ambassadors of Bliain na Gaeilge. The programme was called *Lig Liom* and Bláthnaid drew attention to the frustration experienced by Irish language speakers when struggling with a world where English is the default setting.

Festival Scheme & Drama Companies Scheme

Funding was provided to 46 festivals under the 2018 Festivals Scheme and to 18 drama companies under the 2018 Drama Companies Scheme.

de sheisiúin phoiblí ardaithe feasachta agus feachtais rathúla ar fud an oileáin, ar nós An Dream Dearg agus #AchtAnois. Rinne Conradh na Gaeilge comhordú chomh maith ar chlár oibre cuimsitheach a bhí dírithe ar ghníomhaíochtaí agus ardú feasachta le linn Bhliain na Gaeilge. D'fhreastail os cionn 75,000 duine ar imeachtaí maoinithe faoi Bhliain na Gaeilge.

Ba é Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, a bhí mar phátrún ar Bhliain na Gaeilge 2018. Le tús a chur leis an tionscadal, taispeánadh mír a thaifead sé don chlár *Fáilte 2018* ar TG4, inar mhol sé don phobal páirt a ghlacadh sa bhliain. Ba iad Lynette Fay, Eoghan McDermott agus Bláthnaid Ní Chofaigh a bhí mar ambasadóirí ar Bhliain na Gaeilge 2018.

Reáchtáladh ceann de phríomhimeachtaí Bhliain na Gaeilge BEO: Gaelach & Bródúil i mBaile Átha Cliath ar an 14 Aibreán. Bhí neart siamsaíochta ann, le ceol ó Scannal, Kíla agus Delorentos. Labhair an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, leis an slua chomh maith. Clúdaíodh an t-imeacht ar an Nuacht ar RTÉ agus TG4, agus fuarthas aiseolas fiordhearfach faoi:

- Ghlac 7,000 duine de gach aon aois páirt ann;
- 17 bus a thaisteal go BÁC ó fud fad an oileáin;
- 1,400 giolc a bhain leas as an haischlib oifigiúil #GaeilgeBheo;
- Dúirt 96% de rannpháirtithe go bhfreastalóidís ar an imeacht arís.

Scaipeadh 350,000 cóip den dlúthdhiosca CEOL 2018 (ar gach dalta iar-bhunscoile a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar an nGaeilge, agus cóip go gach bunscoil chomh maith) mar chuid de Bhliain na Gaeilge. Is idir chóipeanna crua agus chóid íoslódálacha a scaipeadh. I measc na gceoltóirí ghlac páirt bhí Macklemore, Picture This, JP Cooper, John Gibbons agus tuilleadh. Cuireadh físeáin le chéile leis na hamhráin agus bhreathnaigh nach mór 1,000,000 ar an bhfíseán de Picture This, mar shampla. Bhí Eoghan McDermott lárnach sa tionscadal seo.

Reáchtáladh dhá chomórtas scoile mar chuid de Bhliain na Gaeilge 2018. Is comórtas ealaíne do bhunscoileanna amháin a bhí i gceann acu, agus bronnadh duais €1,000 don phictiúr is fearr i ngach contae. Seoladh beagnach 4,000 iarratas isteach don chomórtas ealaíne. Gaelfhíseán na Bliana ab ainm don chomórtas eile. Bhí an comórtas seo oscailte do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. Iarradh ar scoileanna físeáin cheoil a chruthú as Gaeilge. Bhí €1,000 le bronnadh ar an bhfíseán is fearr i ngach contae, agus seoladh os cionn 200 iarratas isteach don chomórtas seo. Thaistil foireann Bhliain na Gaeilge mórthimpeall an oileáin leis na duaiseanna a bhronnadh ar gach scoil a raibh an bua acu – 64 ócáid inar bronnadh €64,000. Mar chuid de Bhliain na Gaeilge, agus don chéad uair riamh, bhí láthair champála Ghaeltachta ag an bhféile cheoil is mó ar an oileán, Electric Picnic.

Le linn Bhliain na Gaeilge, cruthaíodh neart deiseanna le cás na Gaeilge agus na Gaeltachta a phlé. Tarraingíodh aird orthu nuair a pléadh Bliain na Gaeilge ar chlár ar an stáisiún raidió Newstalk – is as seo a tháinig an haischlib #NíSéCGL ar Twitter, a bhí ag treochtáil go forleathan ar an suíomh. Coimisiúnaíodh clár faisnéise ar RTÉ ina raibh Bláthnaid Ní Chofaigh, ambasadóir Bhliain na Gaeilge, mar láithreoir. *Lig Liom* an t-ainm a bhí ar an gelár agus tharraing Bláthnaid aird ar an bhfrustrachas a bhíonn ar Ghaeilgeoirí agus iad ag streachailt le saol ina bhfuil an Béarla mar réamhshocrú.

Scéim na bhFéilte & Scéim na gCompántas Drámaíochta

Cuireadh maoiniú ar fáil do 46 féile faoi Scéim na bhFéilte 2018 agus cuireadh maoiniú ar fáil do 18 gCompántas Drámaíochta faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta 2018.

STATUS OF IRISH IN THE EDUCATION SYSTEMS

Gael Linn

€650,183 was provided to the lead organisation Gael Linn to carry out a programme of work in the area of Education in the English Language Sector and Adult Education, and Opportunities for Use for School Pupils.

Irish-medium education

Funding of €708,562 was provided to the lead organisation Gaeloideachas to carry out a programme of work in the area of Irish-medium Education / Immersion Education and Irish Medium Preschool Education. A further grant of €10,000 was provided to Gaeloideachas to undertake another project in partnership with Conradh na Gaeilge and An Foras Pátrúnachta.

A strategic plan for Gaeloideachas which referred to the years 2018–2020 was developed and launched.

Gaeloideachas supported primary and post-primary schools in the Gaeltacht who are taking part in the scheme for recognition as a Gaeltacht school. Advice was provided to schools which had not registered with the recognition scheme in 2017.

Gaeloideachas acted as an independent voice for Gaeltacht schools at the level of the Gaeltacht Education Policy Unit; the Steering Committee of the Language Assistants' Scheme; and as an Education Partner of the Department. Gaeloideachas actively participated in meetings, events, seminars and other fora for the purpose of representing the Gaeltacht schools.

The new website, www.gaeloideachas.ie was launched in November 2018. It is continually updated with material and comprehensive information is sent to schools on an ongoing basis through newsletters, email and social media. A new membership pack has been developed for the schools. The organisation dealt with continuous inquiries throughout the year in relation to access to / establishment of schools and pre-schools. Training workshops on general supports for naíonraí were held. Discussions are ongoing with other organisations about policies which support Irish and Irish-medium education.

The areas in which new primary schools are to be sited were announced in May and Gaeloideachas contacted the 53 closest Irish-medium primary schools to these areas seeking information about the implications for them. Ongoing discussion was conducted with the Foras Pátrúnachta and Comhairle na Gaelscolaíochta about the issue and an information campaign was conducted in conjunction with them.

A playlist of songs for naíonraí was developed on YouTube.

The strategic discussion with the Department of Education and Skills continued on a development policy for *Aonaid* (Irish-medium units) in relation to the basis for establishing units, quality of provision and criteria for achieving independent status.

Significant progress was made on the development of an admissions policy for Irish-medium schools. Two of Gaeloideachas' three proposals were adopted and lobbying work continues on the third which relates to the transition from naíonra to an all-Irish primary school.

STÁDAS NA GAELIGE SNA CÓRAIS OIDEACHAIS

Gael Linn

Cuireadh €650,183 ar fáil don cheanneagraíocht Gael Linn chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Oideachas in Earnáil an Bhéarla, agus d'Aosaigh agus Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile.

Gaeloideachas

Cuireadh €708,562 ar fáil don cheanneagraíocht Gaeloideachas chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge. Cuireadh deontas €10,000 sa bhreis ar fáil do Ghaeloideachas chun tabhairt faoi thionscadal eile i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus leis an bhForas Pátrúnachta.

Forbraíodh agus seoladh plean straitéiseach do Ghaeloideachas a thagair do na blianta 2018–2020.

Chuir Gaeloideachas tacaíocht ar fáil do scoileanna bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil Gaeltachta atá páirteach sa scéim aitheantais mar scoil Gaeltachta. Cuireadh comhairle ar fáil do scoileanna nár chláraigh leis an scéim aitheantais in 2017.

D'fheidhmigh Gaeloideachas mar ghuth neamhspleách do na scoileanna Gaeltachta ag leibhéal an Aonaid Polasaí Oideachais Gaeltachta; Coiste Stiúrtha Scéim na gCúntóirí Teanga; agus mar Pháirtneir Oideachais de chuid na Roinne. Bhí Gaeloideachas rannpháirteach go gníomhach i gcuinnithe, ócáidí, seimineáir agus fóraim le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann na scoileanna Gaeltachta.

Seoladh an suíomh gréasáin nua, www.gaeloideachas.ie i mí na Samhna 2018. Cuireadh agus cuirtear ábhar air go leanúnach mar aon le heolas cuimsitheach a sheoltar chuig na scoileanna ar bhonn leanúnach trí nuachtlitreacha, ríomhphoist agus ar na meáin shóisialta. Forbraíodh paca ballraíochta nua le haghaidh scoileanna. Rinneadh freastal ar fhiosrúcháin leanúnacha maidir le rochtain ar/bunú scoileanna agus naíonraí le linn na bliana. Reáchtáladh ceardlanna oiliúna ar thacaíochtaí ginearálta do naíonraí. Tá plé ar bun le heagrais eile faoi pholasaithe a thacaíonn leis an nGaeilge agus leis an oideachas lán-Ghaeilge.

Fógraíodh na ceantair i mí Bealtaine do bhunscoileanna nua agus rinne Gaeloideachas teagmháil leis an 53 bunscoil lán-Ghaeilge is gaire do na ceantair seo le heolas a lorg uathu maidir leis na himpleachtaí a bheadh ann dóibh. Rinneadh plé leanúnach leis an bhForas Pátrúnachta agus le Comhairle na Gaelscolaíochta ina leith agus ritheadh feachtas eolais i gcomhar leo.

Forbraíodh seinnliosta d'amhráin don naíonra ar YouTube.

Leanadh den phlé straitéiseach leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna faoi pholasaí forbartha na nAonad lán-Ghaeilge maidir leis an mbunús le haonaid a bhunú, caighdeán an tsoláthair agus critéir le stádas neamhspleách a bhaint amach a aithint.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt polasaí iontrála scoileanna lán-Ghaeilge. Glacadh le dhá cheann de na trí mholadh a rinne Gaeloideachas agus leanann obair stocaireachta ar aghaidh maidir leis an tríú ceann a bhaineann le haistriú ón naíonra go bunscoil lán-Ghaeilge.

A development conference was organised, attended by 350, the largest attendance ever.

The CAER (European Regions Educational Association) conference was held in partnership with Comhairle na Gaelscolaíochta and a conference on immersion education in partnership with Mary Immaculate College.

Gaeloideachas was engaged with researchers on a project regarding the reasons parents choose nursery schools. A directory of research is available at www.gaeloideachas.ie.

Gaeloideachas was actively involved in the Irish-medium education committee of the National Association of Principals and Deputy Principals on the issue of post-primary Irish-medium education. An information session was organised at that organisation's conference for Irish-medium and Gaeltacht post-primary principals.

In the area of language socialisation, the networking and socialisation of the language between children and between educational establishments was facilitated via a project involving self-run events called *Le Chéile Trí Ghaeilge*. 214 pre-schools, primary and secondary schools took part in the scheme during the year. Gaeloideachas was involved in establishing a new network for post-primary teachers of Irish.

Gaeloideachas worked continuously raising awareness among parents and the school community about the advantages of continuing from primary to post-primary Irish-medium school and the factors influencing this. Three new booklets about Irish-medium post-primary education were published (a version for schools outside the Gaeltacht; a bilingual version; and an Irish-only version) about post-primary education in the Gaeltacht. A booklet entitled *Déan Comhrá* was published and also distributed as a PDF to schools and pre-schools.

Gaeloideachas lobbied the Department of Children and Youth Affairs, Tusla, childcare committees and publicly-funded voluntary organisations to provide training, inspection, support services and appropriate aids for pre-schools.

Advice and support were provided to prospective patrons and trustees about different models of provision (Irish-medium units, gradual changing of language ethos and so forth) with a view to ensuring quality of provision.

Gaeloideachas, in cooperation with Comhairle na Gaelscolaíochta, prepared an information leaflet about the importance of continuity from pre-school to primary school and distributed it widely to pre-schools, schools and politicians.

5 new pre-schools were opened in September 2018: Kildare, Enniscorthy, Cavan, Clonmel, Carrick-on-Shannon.

DISCUSSION AND REPRESENTATION

Foras na Gaeilge has nominated representatives on various boards and committees relating to education on an all-island basis and the representatives took part in the various meetings, for example, Comhairle na Gaelscolaíochta, the National Council for Curriculum & Assessment and An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Eagraíodh tionól forbartha ar fhreastail níos mó ná 350 duine air, an freastal is mó riamh.

Reáchtáladh comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpach) i gcomhpháirt le Comhairle na Gaelscolaíochta agus comhdháil faoin tumoideachas i gcomhpháirt le Coláiste Mhuire Gan Smál.

Bhí Gaeloideachas ag plé le taighdeoirí faoi thionscadal a bhaineann le cúiseanna a roghnaíonn tuistí naíonraí. Tá eolaire de thaighde ábhartha ar www.gaeloideachas.ie.

Bhí Gaeloideachas ag feidhmiú go gníomhach ar choiste Gaeloideachais an Chumainn Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha maidir leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge. Cuireadh seisiún eolais ar fáil ag comhdháil an chumainn sin do phríomhoidí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Maidir le sóisialú teanga de, éascaíodh gréasánú agus sóisialú na teanga idir páistí agus idir na forais tumoideachais trí thionscadal imeachtaí féin-reáchtáilte, *Le Chéile Trí Ghaeilge*, a riar. Ghlac 214 naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil páirt sa scéim i mbliana. Bhí Gaeloideachas rannpháirteach i mbunú gréasáin úrnua do mhúinteoirí Gaeilge iar-bhunleibhéil.

D'oibrigh Gaeloideachas go leanúnach le feasacht a ardú i measc tuismitheoirí agus phobal na scoileanna ar bhuntáistí an leanúnachais ón mbunscoil go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus na fachtóirí a théann i gcionn air. Foilsíodh trí leabhrán nua maidir leis an iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge (leagan do na scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht; leagan dátheangach; agus leagan i nGaeilge amháin) maidir le hiar-bhunscolaíocht sa Ghaeltacht. Foilsíodh leabhrán *Déan Comhrá* agus scaipeadh é freisin mar PDF ar scoileanna agus naíonraí.

Rinne Gaeloideachas stocaireacht ar an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige, Tusla, coistí cúram leanáí agus eagraíochtaí deonacha a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí poiblí le hoiliúint, cigireacht, seirbhísí tacaíochta agus áiseanna cuí a sholáthar do naíonraí.

Cuireadh comhairle agus tacaíocht ar fáil do phátrúin agus iontaobhaithe ionchasacha ar mhúnlaí éagsúla soláthair (aonaid, athrú sainmheoin teanga ar bhonn céimiúil, nó eile) le caighdeán an tsoláthair a dheimhniú.

D'ullmhaigh Gaeloideachas, i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta, bileog eolais faoi thábhacht an leanúnachais ón naíonra go bunscoil agus scaipeadh go forleathan í ar naíonraí, ar scoileanna agus ar pholaiteoirí.

Osclaíodh 5 naíonra nua i Meán Fómhair 2018: Cill Dara, Inis Córthaidh, An Cabhán, Cluain Meala, Cora Droma Rúisc.

PLÉ AGUS IONADAÍOCHT

Tá ionadaithe ainmnithe ag Foras na Gaeilge ar bhoird agus ar choistí éagsúla a bhaineann le cúrsaí oideachais ar bhonn uile-oileáin agus bhí na hionadaithe rannpháirteach sna cruinnithe éagsúla, mar shampla, Comhairle na Gaelscolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Foras na Gaeilge is involved in the Advisory Group on Gaeltacht Education as regards the implementation of the Policy on Gaeltacht Education 2017-2022.



Bláthnaid Ní Chofaigh attending as part of the campaign Do Ghairm le Gaeilge at the gradireland Fair in the RDS, Dublin.

Bláthnaid Ní Chofaigh i láthair mar chuid den fheachtas Do Ghairm le Gaeilge ag Aonach gradireland san RDS, Baile Átha Cliath.

Tá Foras na Gaeilge rannpháirteach sa Ghrúpa Comhairleach um Oideachas Gaeltachta mar a bhaineann sé le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.



Gaelbhreach á ceiliúradh ag Seán Ó Coinn (lár) Príomhfheidhmeannach Foras na Gaeilge, agus láithreoirí aitheanta Micheál Ó Ciaraidh agus Gráinne Bleasdale. Chief Executive of Foras na Gaeilge, Seán Ó Coinn (centre) celebrating Gaelbhreach with well-known presenters Micheál Ó Ciaraidh and Gráinne Bleasdale.

CORPORATE OBJECTIVE 2:

ACQUISITION - *To support learning, acquisition and consolidation of Irish by: increasing the number of learning opportunities at all levels and enhancing the quality of teaching*

CONTRIBUTE TO THE ACQUISITION OF IRISH THROUGH COLLABORATION AND PARTNERSHIP

Glór na nGael

A sum of €1,089,510 was provided for the lead organisation Glór na nGael to carry out a program of work in the area of Community and Economic Development.

Gael Linn

A grant of €650,183 was provided to the lead organisation Gael Linn to carry out a programme of work in the area of Education in the English Language Sector and Adult Education, and Opportunities for Use for School Pupils.

In relation to the English-medium schools sector, Gael Linn recognised that a major deficiency in the teaching of Irish was not having a subject association for Irish-language teachers. The matter was discussed with individual teachers and stakeholders and subsequently an inaugural committee was selected and the new organisation launched at the Education Conference in November 2018 which was attended by over 300 teachers and educators. *An Gréasán* is the working title of the organisation which will operate on an all-island basis.

An important aspect of work in this area is reviewing and making recommendations on current policies in the education sector in both jurisdictions. Major publications during the year included:

- research conducted by Gael Linn in preparation for an updated version of the Mercator report: *The Irish language in education in Northern Ireland* (third edition);
- a report prepared entitled *The Irish language in Northern Ireland*. The report was made available to the Department of Education, the Education Authority, teachers, stakeholders, and academics;
- a discussion paper on trends in the number of students choosing the Irish language as a GCSE subject and choosing other languages due to the emphasis on STEM (Science, Technology, Engineering and Mathematics) subjects. This discussion paper was shared with delegates at a meeting in Westminster, with the Northern Ireland Centre for Information on Language Teaching and Research and with members of parliament.

In terms of adult education, Gael Linn provided information about classes, courses and resources for adult learners by phone, email and through the website www.eolaireg.ie. They also had information stands at exhibitions and in libraries.

Gael Linn continued to engage and cooperate with the European certificate in Irish (TEG – Teastas Eorpach na Gaeilge) to improve the quality of teaching in the adult education sector through information sessions and workshops, for example, the workshop for tutors in Newry, Co. Down, in October 2018.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 2: **SEALBHÚ** – *Tacú le foghlaim, sealbhú agus daingniú na Gaeilge trí: cur le líon na ndeiseanna foghlama ag gach leibhéal agus cur le caighdeán teagaisc*

CUR LE SEALBHÚ NA GAEILGE TRÍ CHOMHOIBRÍÚ AGUS TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT

Glór na nGael

Cuireadh €1,089,510 ar fáil don cheanneagraíocht Glór na nGael chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta.

Gael Linn

Cuireadh deontas ar luach €650,183 ar fáil don cheanneagraíocht Gael Linn chun clár oibre a chur i gcrích sa réimse Oideachas in Earnáil an Bhéarla, agus d'Aosaigh agus Deiseanna Úsáide do Dhaltáí Scoile.

I dtaca le hearnáil na scoileanna Béarla de, d'aithin Gael Linn gur easnamh mór ar mhúineadh na Gaeilge gan cumann ábhair a bheith ann le haghaidh múinteoirí Gaeilge. Rinneadh an scéal a chíoradh le múinteoirí aonair agus le páirtithe leasmhara agus dá thoradh sin roghnaíodh coiste tionscnaimh agus seoladh an eagraíocht úr ag an Tionól Oideachais i Samhain 2018 ag a raibh breis agus 300 múinteoir agus lucht oideachais. *An Gréasán* an teideal oibre atá ar an eagraíocht a bheidh ag feidhmiú ar bhonn uile-oileáin.

Gné thábhachtach den obair sa réimse seo ná athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh i dtaca le polasaithe reatha san earnáil oideachais sa dá dhlíne. Ar na mór-fhoilseacháin i rith na bliana bhí:

- taighde a rinne Gael Linn mar ullmhúchán do leagan uasdátaithe den tuairisc de chuid Mercator: *The Irish language in education in Northern Ireland* (an tríú heagrán);
- tuairisc a réitíodh dar teideal *An Ghaeilge i dTuaisceart Éireann*. Cuireadh an tuairisc ar fáil don Roinn Oideachais, d'Údarás an Oideachais, do mhúinteoirí, do pháirtithe leasmhara, agus don lucht léinn;
- plépháipéar a scríobhadh ar threochtaí maidir le líon na ndaltaí a roghnaíonn an Ghaeilge mar ábhar don TGM (Teastas Ginearálta an Mheánoideachais) agus a roghnaíonn teangacha eile de dheasca na béime ar ábhair ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic). Dáileadh an plépháipéar sin ar na teachtaí ag cruinniú in Westminster, ar an Northern Ireland Centre for Information on Language Teaching and Research agus ar bhaill parlaiminte.

Maidir leis an oideachas d'aosaigh, chuir Gael Linn seirbhís eolais ar fáil faoi ranganna, chúrsaí agus acmhainní d'fhoghlaimoírí fásta, ar an bhfón, trí ríomhphost agus tríd an suíomh www.eolaireg.ie. Bhí seastáin eolais acu freisin ag taispeántais agus i leabharlanna.

Lean Gael Linn ag plé agus ag comhoibriú le TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) d'fhonn caighdeán múinteoireachta san earnáil aosoideachais a fheabhsú trí sheisiúin eolais agus ceardlanna, mar shampla, an cheardlann do theagascóirí san Iúr, Co. an Dúin, i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Gael Linn distributed information on the Líoifa scheme and the Foras na Gaeilge and Gael Linn scholarships on social media.

Gaeloideachas

A grant of €708,562 was provided to the lead organisation Gaeloideachas to carry out a programme of work in the area of Irish-medium Education / Immersion Education and Irish-medium Pre-school Education. An additional grant of €10,000 was made available to Gaeloideachas to undertake a further project in partnership with Conradh na Gaeilge and the Foras Pátrúnachta.

An tÁisaonad

A grant of Stg£272,486 was approved for the Áisaonad (St. Mary's University College, Belfast) to provide resources for the Irish-medium sector. Additional funding of Stg£28,000 was approved during 2018 to reprint various titles.

Scríobh Leabhar (Write a Book)

In this project primary school children are asked to write a book, providing an opportunity to experience the creativity, skills and, of course, fun involved in writing and publishing one's own book. 9 education centres took part in the project in the 2017/2018 school year: West Dublin Education Centre; Kilkenny Education Centre; Carrick-on-Shannon Education Centre; Clare Education Centre; Gortahork Education Centre; West Cork Education Centre; Laois Education Centre; Cork Education Centre; and Tralee Education Centre. Schools in Northern Ireland also took part in the project in the school year 2017/2018 with support from the Áisaonad. The project was a great success with almost 8,000 children participating. Some of the books written were made available on the website scriobhleabhar.ie.

PROMOTING THE TEACHING OF IRISH

AN GÚM - PUBLICATIONS

Primary School Project: Séideán Sí

A new agreement was signed with the Department of Education and the Council for the Curriculum, Examinations and Assessment on the development of the next three-year project. Work commenced on support materials for reading and comprehension of third to sixth Class novels.

The following were published for pre-school and primary school pupils:

Oisín ar an bPota and *Bláithín ar an bPota*

by Bairbre Ní Chuanaigh and illustrated by Sheena Dempsey

Two books aimed at young children learning about toilet training. A special event was organised in conjunction with Tuismitheoirí na Gaeltachta in An Cheathrú Rua.

An Saor Cloiche Mishona

by Charlotte Guillain and illustrated by Steve Dorado

Irish language version of a Japanese folktale.

Tír na Deo

by J.M. Barrie

a new edition of Máiréad Ní Ghráda's famous translation first published in 1939.

Scaip Gael Linn eolas maidir leis an scéim Líofa agus scoláireachtaí Fhoras na Gaeilge ar na meáin shóisialta.

Gaeloideachas

Cuireadh deontas ar fáil don cheanneagraíocht Gaeloideachas ar luach €708,562 le clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Gaeloideachas / Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge. Cuireadh deontas €10,000 breise ar fáil do Ghaeloideachas chun tabhairt faoi thionscadal eile i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus leis an bhForas Pátrúnachta.

An tÁisaonad

Faomhadh deontas ar luach Stg£272,486 don Áisaonad (Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste) le háiseanna a sholáthar d'earnáil na Gaelscolaíochta. Ceadaiódh maoiniú breise ar luach Stg£28,000 le linn 2018 chun athchló a dhéanamh ar theidil éagsúla.

Scríobh Leabhar

Sa tionscadal seo iarrtar ar pháistí bunscoile leabhar a scríobh, rud a thugann an deis dóibh taithí a fháil ar an gcruthaitheacht, ar na scileanna agus, ar ndóigh, ar an spraoi, a bhaineann lena leabhair féin a scríobh agus a fhoilsiú. Bhí 9 n-ionad oideachais páirteach sa tionscadal sa scoilbhliain 2017/2018: Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar; Ionad Oideachais Chill Chainnigh; Ionad Oideachais Cora Droma Rúisc; Ionad Oideachais an Chláir; Ionad Oideachais Ghort an Choirce; Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí; Ionad Oideachais Laoise; Ionad Oideachais Chorcaí; agus Ionad Oideachais Thrá Lí. Ghlac scoileanna i dTuaisceart Éireann páirt sa tionscadal sa scoilbhliain 2017/2018 chomh maith, le tacaíocht ón Áisaonad. D'éirigh thar barr leis an tionscadal agus bhí beagnach 8,000 páiste páirteach ann. Tá cuid de na leabhair a scríobhadh ar fáil ar an suíomh gréasáin scriobhleabhar.ie.

MÚINEADH NA GAEILGE A CHUR CHUN CINN

AN GÚM - FOILSEACHÁIN

An Tionscadal Bunscoile: Séideán Sí

Siníodh comhaontú nua leis an Roinn Oideachais agus leis an gComhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnachta maidir leis an gcéad tionscadal trí bliana eile a fhorbairt. Cuireadh tús le hobair ar ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana i gcomhair úrscéalta rang a trí go dtí rang a sé.

Foilsíodh na saothair seo a leanas do dhaltáí réamhscoile agus bunscoile:

Oisín ar an bPota agus Bláithín ar an bPota
le Bairbre Ní Chuanaigh agus maisithe ag Sheena Dempsey
Dhá leabhar atá dírithe ar pháistí óga atá ag foghlaim faoi dhul ar an bpota den chéad uair. Eagraíodh ócáid ar leith faoi na leabhair i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta ar an gCeathrú Rua.

An Saor Cloiche Mishona
le Charlotte Guillain agus maisithe ag Steve Dorado
Insint Ghaeilge ar scéal béaloidis ón tSeapáin.

Tír na Deo
le J.M. Barrie
Máiréad Ní Ghráda a rinne an leagan Gaeilge
Eagrán nua den aistriúchán cáiliúil a foilsíodh in 1939 a chéad uair.

Gael Linn

A grant of €650,183 was provided to the lead organisation Gael Linn to carry out a programme of work in the area of Education in the English Language Sector and Adult Education, and Opportunities for Use for School Pupils.

Summer Camp Scheme

Through the Summer Camps Scheme Foras na Gaeilge provided grants for 86 camps throughout the island to the value of €174,711. The scheme allowed over 3,880 young people to benefit from and enjoy the Irish language.

Supporting pre-school education

Foras na Gaeilge approved a grant of Stg£5,000 to Comhairle na Gaelscolaíochta to support a training course for pre-school practitioners to enable them attain a pre-school qualification NVQ (National Vocational Qualification) level 3 or NFQ (National Framework of Qualifications) level 5.

Discussion and representation

Foras na Gaeilge had a productive meeting with the Department of Education and Skills in December to start the discussion on the issue of ITE (Initial Teacher Education) among others. Foras na Gaeilge hopes to build on that discussion and on the relationship with the Department of Education and Skills in the future.

LEXICOGRAPHY

Cross-dictionary editing and quality control was carried out on 41,000 sense units in the New English-Irish Dictionary as part of the preparation for the printed version. By the end of 2018, this phase had been completed on 76% of the content of the printed version. A further 968,201 words of transcribed material have been prepared for the Corpus of Irish as a foundation for the Lexicography Strategy - an increase from 3.2 million words to 4.1 million words.

The free version of the New English-Irish Dictionary app was launched and 8,600 copies were downloaded.

A new dictionary portal site focal.ie containing over 91,000 Irish words was launched.

1.9 million individual users used the focloir.ie site and there were 23 million page views, up 26% on 2017. 1.5m unique users used the teanglann.ie site which had 27 million page views, an increase of 21% on 2017.

NEW TERMINOLOGY

The Terminology Committee approved 7,500 new terms and made them available online. These included terms from the New English-Irish Dictionary

37 batches of new terms arising from the New English-Irish Dictionary project were submitted to the Terminology Committee (5,062 terms) as part of the preparation for the printed version.

There were 11 meetings of the Terminology Committee in 2018. 10 new members were appointed to the committee, which greatly enhanced the committee's areas of expertise in matters such as current affairs, journalism, sport, dialects.

Gael Linn

Cuireadh deontas ar luach €650,183 ar fáil do Ghael Linn chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Oideachas in Earnáil an Bhéarla, agus d'Aosaigh agus Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile.

Scéim na gCampáí Samhraidh

Trí Scéim na gCampáí Samhraidh chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil le haghaidh 86 campa ar fud an oileáin ar luach €174,711. Thug an scéim seans do bhreis is 3,880 duine óg tairbhe agus taitneamh a bhaint as an nGaeilge.

Tacú leis an náiscolaíocht

Cheadaigh Foras na Gaeilge deontas ar luach Stg£5,000 do Chomhairle na Gaelscolaíochta chun tacú le cúrsa oiliúna do chleachtóirí náiscolaíochta le cáilíocht réamhscoile CNG (Cáilíocht Náisiúnta Gairmoideachais) leibhéal 3 nó CNC (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) leibhéal 5 a bhaint amach.

Plé agus ionadaíocht

Bhí cruinniú fiúntach ag Foras na Gaeilge leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí na Nollag le tús a chur leis an bplé ar cheist OTM (Oideachas Tosaigh Múinteoirí) i measc nithe eile. Tá súil ag Foras na Gaeilge tógáil ar an bplé sin agus ar an gcaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna amach anseo.

AN FHOCLÓIREACHT

Rinneadh eagarthóireacht trasfhoclóra agus rialú cáilíochta ar 41,000 aonad céille san Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge mar chuid den ullmhúchán don leagan clóite. Faoi dheireadh 2018, bhí an chéim sin curtha i gcrích ar 76% den ábhar a bheidh sa leagan clóite. Tá 968,201 focal sa bhreis d'ábhar tras-scríofa ullmhaithe do Chorpas na Gaeilge mar dhúshraith don Straitéis Foclóireachta - méadú ó 3.2 milliún focal go dtí 4.1 milliún focal

Seoladh an leagan saor in aisce d'aip an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge agus íoslódáladh 8,600 cóip di.

Seoladh suíomh tairisí nua foclóra focal.ie a bhfuil breis is 91,000 focal Gaeilge le fáil air.

D'úsáid 1.9 milliún úsáideoir aonair suíomh focloir.ie agus breathnaíodh ar 23 milliún leathanach, méadú 26% ó 2017. D'úsáid 1.5 milliún úsáideoir aonair suíomh teanglann.ie agus breathnaíodh ar 27 milliún leathanach, méadú 21% ó 2017.

AN NUATHÉARMAÍOCHT

Rinne an Coiste Téarmaíochta faomhadh ar 7,500 téarma úr agus cuireadh ar fáil ar líne iad. Ina measc siúd bhí téarmaí ón bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge

Cuireadh 37 mbaisc de théarmaí nua a d'eascair ó thionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge faoi bhráid an Choiste Téarmaíochta (5,062 théarma) mar chuid den ullmhúchán don leagan clóite.

Bhí 11 chruinniú den Choiste Téarmaíochta ann sa bhliain 2018. Ceapadh 10 mball nua ar an gCoiste, a chuir go mór le réimsí saineolais an Choiste in ábhair amhail cúrsaí reatha, iriseoireacht, spórt, agus canúintí.

Bhí rochtain leanúnach ag an bpobal ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ar www.tearma.ie. Cuireadh tús le togra nua chun an bunachar a athchóiriú agus chun suíomh nua poiblí a dhearadh.

The National Terminology Database was accessible on an ongoing basis to the public on www.tearma.ie. A new project was begun to refurbish the database and design a new public website.

A new effective system was put in place to enable members of the Terminology Committee to approve new terminology which arose on foot of the dictionary project.



Dr Gearóid Trimble, Programme Manager: Community and Business, Foras na Gaeilge with Eoghan Mac Cormaic, Development Manager, Business and Entrepreneurship, Glór na nGael.

An Dr Gearóid Trimble, Clárghainisteoir: Pobal agus Gnó, Foras na Gaeilge le Eoghan Mac Cormaic, Bainisteoir Forbartha, Gnó agus Fiontraíocht, Glór na nGael.

PROMOTING TEACHING THROUGH THE MEDIUM OF IRISH

A grant to the value of €708,562 was made to the lead organisation Gaeloideachas to complete a programme of work program in the area of Irish medium education/Immersion Education and Irish Medium Preschool Education. An additional grant of €10,000 was made available to Gaeloideachas to undertake a further project in partnership with Conradh na Gaeilge and An Foras Pátrúnachta.

A grant of Stg£272,486 was approved for the Áisaonad (St Mary's University College, Belfast) to provide resources for the Irish-medium sector. Additional funding of Stg £28,000 was approved during 2018 to reprint various titles.

A grant of €17,640 was made to Achieve Online Learning Ltd. to develop an online interactive maths project the Project mat develop interactive online and make it available through Irish to the Irish-medium education sector.

AN GÚM - PUBLICATIONS

These publications were made available:

Primary:

- Additional support sheets for teachers and students for the mathematics posters based on the textbooks in the *Mata go Deo* series.
- Online resources in History for sixth class (*Féach Thart*).
- Four issues of the newsletter on the environment *Lion an Dúlra*.

Cuireadh córas nua éifeachtach ar bun chun a chur ar a gcumas do bhaill an Choiste Téarmaíochta an nuathéarmaíocht a d'eascair ó thionscadal an fhoclóra a fhaomhadh.

MÚINEADH TRÍ MHEÁN NA GAEILGE A CHUR CHUN CINN

Cuireadh deontas ar fáil don cheanneagraíocht Gaeloideachas ar luach €708,562 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge. Cuireadh deontas €10,000 breise ar fáil do Ghaeloideachas chun tabhairt faoi thionscadal eile i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus leis an Fhoras Pátrúnachta.

Ceadaíodh deontas ar luach Stg£272,486 don Áisaonad (Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste) chun áiseanna a sholáthar d'earnáil na Gaelscolaíochta. Ceadaíodh maoiniú breise ar luach Stg£28,000 le linn 2018 chun athchló a dhéanamh ar theidil éagsúla.

Ceadaíodh deontas ar luach €17,640 do Achieve Online Learning Ltd. chun tionscadal mata idirghníomhach ar líne a fhorbairt agus a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge d'earnáil na Gaelscolaíochta.

AN GÚM – FOILSEACHÁIN



Ag an seoladh do *Aistear tríd an Inchinn*, Seosamh Ó Murchú, Príomheagarthóir, An Gúm, an craoltóir aitheanta (agus mac léinn leighis) Máire Treasa Ní Cheallaigh agus Fionnuala Nic Pháidín a d'aistrigh an leabhar go Gaeilge.

At the launch for *Aistear tríd an Inchinn*, Seosamh Ó Murchú, Chief Editor, An Gúm, the well-known broadcaster (and medical student) Máire Treasa Ní Cheallaigh and Fionnuala Nic Pháidín, who translated the book into Irish.

Cuireadh na foilseacháin seo ar fáil:

An Bhunscolaíocht:

- Bileoga breise tacaíochta do mhúinteoirí agus do dhaltá a bhaineann leis na póstaer mhatamaitice atá bunaithe ar na téacsleabhair sa tsraith *Mata go Deo*.
- Áiseanna ar líne sa Stair do rang a sé (*Féach Thart*).
- Ceithre eagrán den nuachtlitir faoin timpeallacht *Líon an Dúlra*.

Post-Primary:

- Leaving Certificate Mathematics Textbook (Higher Level).
- 6 additional chapters of the Leaving Certificate Art textbook online.
- Work continued on the core-textbook for Woodworking for the Junior Certificate and textbooks for the Leaving Certificate Construction Studies.
- The science colouring book *Aistear tríd an Inchinn* was published in conjunction with the Royal College of Surgeons in Ireland.

An Iar-bhunscolaíocht:

- Téacsleabhar Matamaitice don Ardeist (Ardleibhéal).
- 6 chaibidil sa bhreis den téacsleabhar Ealaíne don Ardeist ar líne.
- Leanadh leis an obair ar an mbun-téacsleabhar Adhmadóireachta don Teastas Sóisearach agus ar an téacsleabhar Staidéar Foirgníochta don Ardeistiméireacht.
- Foilsíodh an leabhar dathúcháin eolaíochta *Aistear tríd an Inchinn* i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

CORPORATE OBJECTIVE 3: USE

- To increase the use of Irish throughout the island of Ireland

TO INCREASE THE USE OF THE IRISH LANGUAGE THROUGH COOPERATION AND PARTNERSHIP

The following amounts were provided to these lead organisations who are working in areas relevant to this corporate objective.

- **Cumann na bhFiann - €745,136** to carry out a programme of work in the area of the Development of Opportunities for the Use of Irish and Networks for Younger People.
- **Oireachtas na Gaeilge - €628,883** to carry out a programme of work relating to Opportunities which Support the Use of Irish and Establishing Networks for Adults.
- **Glór na nGael - €1,089,510** to carry out a programme of work in the area of Community and Economic Development.
- **Conradh na Gaeilge - €840,866** to carry out a programme of work in the area of Raising Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the Language with State Authorities).
- **Gael Linn - €650,183** to carry out a programme of work in the area of Education in the English Language Sector and Adult Education, and Opportunities for Use for school pupils.
- **Gaeiloideachas - €708,562** to carry out a programme of work in the area of Irish-medium Education/Immersion Education and Irish-Medium Pre-School Education.

Gael Linn and Opportunities for Use

Gael Linn ran a comprehensive programme of events for primary school pupils and students at post-primary level. Thousands of pupils from all over the island took part and many usage networks were created in this way. Among the events were:

Primary level

- Coirm – a series of drama/entertainment festivals on an all-island basis in which 72 schools participated this year.
- Football festivals – 5 football festivals based in the Gaeltachtaí and entailing an overnight stay for teams from 8 school with around 20 pupils from each school participating in each festival.

Second Level

- Two Comórtas Náisiúnta Díospóireachta (national debating competitions) which involved over 200 teams from more than 150 participating schools this year.
- Scléip – a talent competition Irish-medium schools (music, singing, contemporary dance) in which over 30 schools participated.

Third Level

- Comórtas Náisiúnta Drámaíochta – (national drama competition) the final was held at the Oireachtas festival with heats held earlier.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 3: **ÚSÁID** – *Úsáid na Gaeilge a mhéadú ar fud oileán na hÉireann*

CUR LE hÚSÁID NA GAEILGE TRÍ CHOMHOIBRIÚ AGUS TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT

Cuireadh na suimeanna thíos ar fáil do na ceanneagraíochtaí seo atá ag plé le réimsí oibre atá ábhartha don mhórchuspóir corparáideach seo.

- **Cumann na bhFiann - €745,136** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga.
- **Oireachtas na Gaeilge - €628,883** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán do Dhaoine Fásta.
- **Glór na nGael - €1,089,510** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta.
- **Conradh na Gaeilge - €840,866** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit).
- **Gael Linn - €650,183** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Oideachas in Earnáil an Bhéarla, agus d'Aosaigh agus Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile.
- **Gaeoideachas - €708,562** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Gaeoideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge.

Gael Linn agus Deiseanna Úsáidte

Chuir Gael Linn clár cuimsitheach imeachtaí ar siúl do dhaltai bunscoile agus do dhaltai ag an dara leibhéal. Ghlac na mílte daltaí páirt fud fad an oileáin agus cruthaíodh a lán líonraí úsáide dá bharr. Ar na himeachtaí bhí:

Bunleibhéal

- Coirm – sraith d'fhéilte drámaíochta/siamsaíochta ar bhonn uile-oileáin ina raibh 72 scoil páirteach i mbliana.
- Féilte peile – 5 cinn d'fhéilte lonnaithe sna gaeltachtaí ina raibh oíche as baile i gceist d'fhoirne ó 8 scoil le timpeall 20 dalta ó gach scoil páirteach i ngach féile.

Iar-bhunleibhéal

- Dhá Chomórtas Náisiúnta Díospóireachta ina raibh breis is 200 foirne ó bhreis is 150 scoil páirteach i mbliana.
- Scléip – comórtas tallainne do scoileanna lánGhaelacha (ceol, amhránaíocht, rince comhaimseartha) ina raibh breis is 30 scoil páirteach.

Tríú Leibhéal

- Comórtas Náisiúnta Díospóireachta – an Chraobh ag an Oireachtas – réamhbhabhtai roimh ré.

- Bréagchúirt Uí Dhálaigh - advocacy competition for law students, with preliminary rounds in King's Inns and the final held in the Four Courts, Dublin.
- Maidens Debating Competitions – one round was held in University College Dublin and another in Trinity College.
- Corn Uí Chon Cheanainn - sponsorship and advice were provided to this sean-nós competition for third level students.

Glór na nGael

Glór na nGael's national competition is the focus for the Irish language organisers and thus the development of a range of community groups.

Glór na nGael's Irish language organisers (and the advice they provide) at a local level are the most valuable service offered by Glór na nGael.

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (The Seosamh Mac Donncha Foundation) and the Teanga Tí (Home Language) scheme are the two most successful and fruitful projects developed in 2018.

The Seosamh Mac Donncha Foundation is a support scheme from Glór na nGael and the Gaelic Athletic Association for GAA clubs who wish to promote the Irish language. Most clubs are promoting the Irish language one way or another but the purpose of this foundation is to develop these efforts on a measured and planned basis.

In 2018 Glór na nGael provided assistance to the clubs' Irish language officers in the form of advice, support, grants and recognition of the good work carried out in the club during the year. Clubs may seek a grant from the Foundation to help implement their plans and a medal is awarded to clubs for achieving a certain amount for the language. Glór na nGael succeeded in registering 96 clubs in 2018.

The aim of the Home Language scheme is to provide support and encouragement to families with children in senior infants to speak Irish more frequently at home. It is a comprehensive scheme which caters to the needs of different families. Parents may have moderate Irish and wish to improve their ability or have little Irish but wish to achieve a higher standard.

When the scheme began in 2017 a group of 20 school communities (Gaeltacht and Irish-medium schools only) was targeted. Towards the end of 2018, it was decided to seek to develop the Home Language scheme in Irish-speaking networks, GAA clubs and other relevant groups.

COMMUNITY RADIO SCHEME

The third year of *Scéim Raidió Pobail* (the Community Radio Scheme) continued to be operated through the two existing grantees, namely [Raidió na Life](#) in Dublin and [Raidió Fáilte](#) in Belfast. Raidió na Life is based in the headquarters of Foras na Gaeilge on Amiens Street, Dublin, and Raidió Fáilte moved to a purpose-built building valued at over Stg£2m in September 2018.

- Bréagchúirt Uí Dhálaigh – comórtas abhcóideachta do mhic léinn dlí, réamhbhabhtaí in Óstaí an Rí. Eagraíodh an craobhchomórtas sna Ceithre Chúirteanna i mBaile Átha Cliath.
- Comórtais Díospóireachta na Maidens – babhta amháin i gColáiste Ollscoile, BÁC agus ceann eile i gColáiste na Tríonóide.
- Corn Uí Chon Cheanainn – urraíocht agus comhairle curtha ar fáil do chomórtas shean-nóis seo do mhic léinn tríú leibhéal.

Glór na nGael

Is ar chomórtas náisiúnta Ghlór na nGael atá na timirí dírithe agus, dá réir, ar fhorbairt réimse de ghrúpaí pobal.

Is í timireacht Ghlór na nGael (agus an chomhairle a eascraíonn uaithi) an tseirbhís is luachmhaire atá á tairiscint ag Glór na nGael ag an leibhéal áitiúil.

Is iad Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus an Scéim Teanga Tí an dá thionscadal is fearr agus is rathúla a forbraíodh le linn 2018.

Is scéim thacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá formhór na gclubanna ag cur na Gaeilge chun cinn bealach amháin nó bealach eile ach is é cuspóir na fondúireachta seo na hiarrachtaí sin a fhorbairt ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte.

Le linn 2018 chuir Glór na nGael cuidiú ar fáil d'oifigigh Ghaeilge na gclubanna i bhfoirm chomhairle, thacaíochta, dheontais agus aitheantais ar an obair mhaith a bhí curtha i gcrích sa chlub le linn na bliana. Is féidir deontas a lorg ón bhFondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronntar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga. D'éirigh le Glór na nGael 96 club a chlárú in 2018.

Is é sprioc na scéime Teanga Tí tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil páistí sna naíonáin shinsearacha an Ghaeilge a labhairt níos minice sa bhaile. Is scéim uileghabhálach í a fhreastalaíonn ar riachtanais teanga a bhíonn ag teaghlaigh dhifriúla. Is féidir go mbeadh Gaeilge mheasartha ag tuismitheoirí agus iad ag iarraidh feabhas a chur lena gcumas nó iad ar bheagán Gaeilge ach gur mian leo caighdeán níos airde a bhaint amach.

Nuair a cuireadh tús leis an scéim in 2017 is ar 20 grúpa scoilphobail (scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna amháin) a bhí sí dírithe. I dtreo dheireadh 2018, rinneadh cinneadh iarracht a dhéanamh Teanga Tí a fhorbairt i measc líonraí Gaeilge, chlubanna CLG agus grúpaí ábhartha eile.

AN SCÉIM RAIDIÓ POBAIL

Leanadh den riar sa tríú bliain den Scéim Raidió Pobail ar an dá dheontai reatha, mar atá [Raidió na Life](#) i mBaile Átha Cliath agus [Raidió Fáilte](#) i mBéal Feirste. Tá Raidió na Life lonnaithe i gceannáras Fhoras na Gaeilge ar Shráid Amiens agus d'aistrigh Raidió Fáilte go dtí foirgneamh saintógtha ar luach breis agus Stg£2m i Meán Fómhair 2018.

IRISH LANGUAGE NETWORKS

In accordance with the Gaeltacht Act (2012) Foras na Gaeilge held an open application process whereby five applicants were selected to prepare a language plan for the following areas: Ennis in Co. Clare; Clondalkin in Co. Dublin; and Loughrea in Co. Galway in the southern jurisdiction and two areas in the north: Carnogher in Co. Derry; and West Belfast in Co. Antrim. A working group was set up between the appointed organisations and preparatory work on the plans continued under the direction and guidance of a language planning consultant appointed by Foras na Gaeilge.

The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht provides a special allowance to Foras na Gaeilge to fulfil its obligations under the Act in relation to the three southern Networks and Foras na Gaeilge bore the costs associated with the two northern Networks in 2018.

GAELTACHT SERVICE TOWNS

Under the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge is responsible for administering an application and support process for 13 of the 16 towns designated by the Government as towns that could be recognised as a Gaeltacht Service Town.

The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht provides Foras na Gaeilge with a special additional allowance to meet the obligations under the Act. Information meetings were held in four towns and a lead organisation was established for the four towns in 2018: Cork; Castlebar; Tralee; and Dungarvan. Work has also been ongoing by the selected lead organisations for Letterkenny and Galway, in order to prepare a language plan.

BLIAN NA GAEILGE 2018 (YEAR OF THE IRISH LANGUAGE)

Foras na Gaeilge established a joint high-level committee to oversee a support programme for Bliain na Gaeilge and the additional allowance of over €500,000 which the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht approved to implement it.

As part of this, Conradh na Gaeilge also organised a comprehensive programme of work aimed at activities through and raising awareness of the language during Bliain na Gaeilge .

OTHER PROJECTS

Cultúrlanna

A new support scheme was developed under which Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in Belfast and Cultúrlann Uí Chanáin in Derry received a 3 year grant from January 2018 and an agreed work programme was put in place during 2018.

Youth Events Scheme

Through the Youth Events Scheme 2018-2019 funding to the value of €334,855 was provided through 85 grants to groups to provide events through Irish. Through the Youth Events Scheme 2018/2019 over 4,980 young people benefitted from these opportunities.

LÍONRAÍ GAEILGE

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012) reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas oscailte iarratais faoinar roghnaíodh cúig iarratasóir le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú ar son na gceantar seo a leanas: Inis i gCo. an Chláir; Cluain Dolcáin i gCo. Bhaile Átha Cliath; agus Baile Locha Riach i gCo. na Gaillimhe sa dlínse ó dheas agus dhá cheann ó thuaidh: Carn Tóchair i gCo. Dhoire; agus Iarthar Bhéal Feirste i gCo. Aontroma. Bunaíodh meitheal comhoibríthe idir na heagraíochtaí ceaptha agus leanadh den obair ullmhúcháin ar na pleananna teanga faoi stiúir agus treoir sainchomhairleora pleanála teanga ceaptha ag Foras na Gaeilge.

Tugann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta liúntas breise faoi leith d'Fhoras na Gaeilge leis na dualgais faoin Acht a chomhlíonadh mar a bhaineann leis na trí líonra lonnaithe ó dheas agus sheas Foras na Gaeilge na costais ghaolmhara don dá líonra ó thuaidh in 2018.

BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012), tá Foras na Gaeilge freagrach as próiseas iarratais agus tacaíochta a riaradh do 13 de na 16 baile atá ainmnithe ag an rialtas mar bhailte a d'fhéadfadh aitheantas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bhaint amach.

Tugann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta soláthar breise faoi leith d'Fhoras na Gaeilge leis na dualgais faoin Acht a chomhlíonadh. Reáchtáladh cruinnithe eolais i gceithre bhaile agus ceapadh ceanneagraíocht do na ceithre bhaile in 2018: Corcaigh; Caisleán an Bharraigh; Trá Lí; agus Dún Garbhán. Tá obair ag leanúint ar aghaidh chomh maith ag na ceanneagraíochtaí roghnaithe do Leitir Ceanainn agus Gaillimh, chun plean teanga a ullmhú.

BLIAIN NA GAEILGE 2018

Bhunaigh Foras na Gaeilge comhchoiste ardleibhéil le stiúir a dhéanamh ar chlár tacaíochta do Bhliain na Gaeilge agus an soláthar de bhreis is €500,000 a cheadaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena chur i gcrích.

Mar chuid de sin, d'eagraigh Conradh na Gaeilge chomh maith clár oibre cuimsitheach a bhí dírithe ar ghníomhaíochtaí tríd agus ardú feasachta ar an teanga le linn Bhliain na Gaeilge.

TIONSCADAIL EILE

Cultúrlanna

Forbraíodh scéim nua tacaíochta trínar éirigh le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste agus Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire deontas 3 bliana a ghnóthú ó Eanáir 2018 ar aghaidh agus cuireadh clár oibre aontaithe in áit le linn 2018.

Scéim na nImeachtaí Óige

Trí Scéim na nImeachtaí Óige 2018-2019 cuireadh maoiniú ar luach €334,855 ar fáil trí 85 deontas do ghrúpaí chun imeachtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Trí Scéim na nImeachtaí Óige 2018/2019 bhain breis is 4,980 duine óg tairbhe as na deiseanna seo.

Pre-School Fund

A grant of Stg£73,000 was approved for Cúram Leanáí Bheann Mhadagáin in North Belfast to provide a daycare service. Funding continued for a pre-school project in Armagh, Náiscoil na Caille, as well as the funding for Gaelchúram Uachtar Chluanaí for a daycare service in south Belfast.

East Belfast Mission and Gaeláras Mhic Ardghail

The multi-annual funding for the East Belfast Mission for the support initiative for Irish for Protestant communities – Turas – and a programme of activities for Gaeláras Mhic Ardghail in Newry was also funded.

Scholarships

15 families were awarded Gaeltacht scholarships by way of a grant of €10,000 to Cumann an Phiarsaigh.

Grants to the value of €24,864 were made to Gael Linn, €35,100 to Conradh na Gaeilge and €10,560 for Cumann na bhFiann to award Gaeltacht scholarships to 421 young people and 24 adults.

Comórtas BEO

The song contest Comórtas Beo, a joint project with Údarás na Gaeltachta, was a great success again in 2018. TG4 streamed the live online competition during Scléip na hÓige at Oireachtas na Gaeilge in the Irish National Exhibition Centre in Killarney on 1 November 2018. First prize was awarded to the band Grooveline from Co. Leitrim.

Possible Development

A potential new scheme for Irish Language Community Centres was developed and approved but was not advertised due to a lack of a budget.

FOSTERING WRITING, PUBLISHING & READING IRISH

Book Awards

Foras na Gaeilge took responsibility for the two book awards (Gradam Uí Shuilleabháin and Gradam Réics Carló) from 2018 and an interim process was held in conjunction with Oireachtas na Gaeilge. The Gradam Uí Shuilleabháin winner was *Oilithreach Pinn* by Liam Ó Muirthile and the winner of the Réics Carló Award was *Bliain na Mara* by Tadhg Mac Dhonnagáin.

CLÁR NA LEABHAR GAEILGE

Scéim na Foilsitheoireachta

Under this scheme Irish language publishers are supported by funding in the areas of production, development and marketing based on the presentation of a comprehensive one year plan. Funding assistance was provided for eleven publishers under the scheme in 2018 and 93 books were published, including two ebooks. Various marketing and development activities were also carried out as a result of that funding. The following publishers were approved for funding under the Publishing Scheme in 2018:

An Ciste Réamhscolaíochta

Ceadaíodh deontas Stg£73,000 do Chúram Leanaí Bheann Mhadagáin i dTuaisceart Bhéal Feirste chun seirbhís cúram lae a sholáthar. Leanadh den mhaoiniú do thionscadal réamhscolaíochta in Ard Mhacha, Náiscoil na Caille, mar aon leis an maoiniú do Ghaelchúram Uachtar Chluanaí do sheirbhís cúram lae i ndeisceart Bhéal Feirste.

Misean Oirthear Bhéal Feirste agus Gaeláras Mhic Ardghail

Leanadh chomh maith den deontas ilbhliantúil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste don tionscadal tacaíochta Gaeilge do na pobail Phrotastúnacha – Turas – agus maoiníodh clár gníomhaíochtaí i nGaeláras Mhic Ardghail ar an Iúr.

Scoláireachtaí

Bronnadh scoláireachtaí Gaeltachta ar 15 theaghlach trí dheontas € 10,000 a cuireadh ar fáil do Chumann an Phiarsaigh.

Cuireadh deontais ar luach €24,864 ar fáil do Ghael Linn, €35,100 do Chonradh na Gaeilge agus €10,560 do Chumann na bhFiann le scoláireachtaí Gaeltachta a bhronnadh ar 421 duine óg agus 24 duine fásta.

Comórtas BEO

D'éirigh thar barr leis an gcomórtas amhrán, Comórtas Beo, comhthionscadal le hÚdarás na Gaeltachta, arís in 2018. Shruthaigh TG4 an comórtas beo ar líne le linn Scléip na hÓige ag Oireachtas na Gaeilge in Ionad Náisiúnta Taispeántais na hÉireann i gCill Airne ar an 1 Samhain 2018. Bronnadh an chéad duais ar an mbanna ceoil Grooveline as Co. Liatroma.

Forbairt Fhéideartha

Forbraíodh agus faomhadh ábhar scéim úr dírithe ar Ionaid Phobail Ghaeilge ach níor fógraíodh an scéim cheal buiséid.

SCRÍBHNEOIREACHT, FOILSITHEOIREACHT & LÉITHEOIREACHT NA GAEILGE A CHOThÚ

Gradaim Leabhar

Ghlac Foras na Gaeilge cúram an dá ghradam leabhar (Gradam Uí Shuilleabháin agus Gradam Réics Carló) ó 2018 ar aghaidh agus reáchtáladh próiseas eatramhach i gcomhar le hOireachtas na Gaeilge. Buaiteoir Ghradam Uí Shuilleabháin: *Oilithreach Pinn* le Liam Ó Muirthile agus Buaiteoir Ghradam Réics Carló: *Bliain na Mara* le Tadhg Mac Dhonnagáin.

CLÁR NA LEABHAR GAEILGE

Scéim na Foilsitheoireachta

Faoi Scéim na Foilsitheoireachta, cuirtear tacaíocht mhaoinithe ar fáil d'fhoilsitheoirí na Gaeilge sna réimsí táirgeacht, forbairt agus margaiócht bunaithe ar phlean cuimsitheach bliana a bheith curtha ar fáil acu. Tugadh cúnamh maoinithe d'aon fhoilsitheoir déag faoi scéim na bliana 2018 agus foilsíodh 93 leabhar, 2 riomhleabhar san áireamh. Cuireadh gníomhaíochtaí margaióchta agus forbartha éagsúla i gcrích chomh maith mar thoradh ar an maoiniú sin. Is iad seo a leanas na foilsitheoirí ar faomhadh maoiniú dóibh faoi Scéim na Foilsitheoireachta in 2018:

An Sagart
An tSáthaid Mhór
Cló Iar-Chonnacht
Coiscéim
Cois Life
Evolution
Foilseacháin Ábhair Spioradálta
Futa Fata
LeabhairCOMHAR
Leabhar Breac
Arlen House

Scéim na dTionscadal Litríochta

Funding was provided under this scheme for the following projects to promote Irish writing, publishing and reading:

- ClubLeabhar.com: an online book club
- An Scriobhlann: an intensive training course in short story and novel writing
- Prize fund for blogging scheme in Pobalscoil Chorca Dhuibhne (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
- Periods of residency in Anam Cara (Irish Writers' Centre)
- A major exhibition on the life of the poet Máirtín Ó Direáin (National University of Ireland, Galway)
- Féasta Filíochta (An Lab)
- Series of residencies in schools on an all-island basis. (Poetry Ireland)
- ScribhneoiriGaeilge.ie: new website (Aontas na Scribhneoirí Gaeilge)
- Sessions for children with Irish language authors (Young at Art).

AN GÚM

A new arrangement was made with Amazon for the sale of An Gum's ebooks on this platform.

The new edition of *Tír na Deo* was published along with a new ebooks of *Timpeall Chinn Sléibhe* and *Lá Dár Saol*.

ÁIS

The book distribution agency Áis was established in 1980 to distribute Irish language publications as a wholesaler nationally and internationally. This is a challenging period for the book business in general but the existing target of keeping 2018 sales largely on par with 2017 was achieved. Over 182,400 books were distributed in total in 2018, sales worth almost €900,000. In 2018 Áis distributed to over 269 different shops, 258 on the island of Ireland and 11 in the rest of the world.

Áis administered the scheme to provide marketing supports to the Irish language publishing sector in 2018. This scheme was first established in 2014 and a new scheme commenced for 2017-2019, administered in association with Cumann na bhFoilsitheoirí (the Irish language publishers' society).

An Sagart
An tSnáthaid Mhór
Cló Iar-Chonnacht
Coiscéim
Cois Life
Éabhlóid
Foilseacháin Ábhair Spioradálta
Futa Fata
LeabhairCOMHAR
Leabhar Breac
Arlen House

Scéim na dTionscadal Litríochta

Cuireadh maoiniú ar fáil faoi Scéim na dTionscadal Litríochta do na tionscadaí seo a leanas chun scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú:

- ClubLeabhar.com: club leabar ar líne
- An Scríobhlann: dianchúrsa oiliúna i scríobh an ghearrscéil agus an úrscéil
- Duaischiste do scéim blagála i bPobalscoil Chorca Dhuibhne (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
- Tréimhsí cónaitheachta in Anam Cara (Áras Scríbhneoirí na hÉireann)
- Mórthaispeántas ar shaol an fhile Máirtín Ó Direáin (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)
- Féasta Filíochta (An Lab)
- Sraith chónaitheachtaí i scoileanna ar bhonn uile-oileáin. (Éigse Éireann)
- ScríbhneoiríGaeilge.ie: suíomh gréasáin nua (Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge)
- Seisiúin do pháistí le húdair Ghaeilge (Young at Art).

AN GÚM

Rinneadh socrú nua le Amazon ríomhleabhair an Ghúim a chur ar díol ar an ardán sin.

Foilsíodh an t-eagrán nua de *Tír na Deo* móide ríomhleabhair nua de *Timpeall Chinn Sléibhe* agus *Lá Dár Saol*.

ÁIS

Bunaíodh An Áisíneacht Dáileachán Leabhar (Áis) in 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh mar mhórdhíoltóir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is tréimhse dhúshlánach í seo i ngnó na leabhar trí chéile ach cloíodh leis an sprioc a bhí ann díolachán 2018 a choinneáil nach mór cothrom le díolachán 2017. Dáileadh os cionn 182,400 leabhar san iomlán in 2018, díolacháin ar luach nach mór €900,000. Le linn 2018 rinne Áis dáileadh chuig os cionn 269 siopa éagsúil, 258 acu ar oileán na hÉireann agus 11 siopa thar lear.

Riar Áis an scéim le tacaíocht margaióchta a sholáthar d'earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge in 2018. Bunaíodh an scéim seo den chéad uair in 2014 agus cuireadh tús le scéim nua don tréimhse 2017-2019, i gcomhar le Cumann na bhFoilsitheoirí.

Other Words European project

The Other Words literary project is a partnership programme between cultural and language organisations in European regions which aims to establish a network of creative placements for European writers in small and minority languages.

Rody Gorman went to Slovenia for two months in the summer of 2018. During that time, he concentrated on poetry made public appearances at poetry readings. The poetry is being translated into Slovenian, Basque, Macedonian, Frisian and English. Aifric Mac Aodha spent time on residency in Leeuwarden. During that time she took part in events such as poetry readings.

Karen Bies came from Friesland and spent two months in the Gaeltacht in Belmullet, Co. Mayo. She was artist in residence in Áras Inis Gluaire, where she took part in the centre's activities.

Elvira Bonafacio, a writer from Curaçao in the Antilles, visited and conducted a series of workshops west in Gaelcholáiste Dhoire and in Mercy College, Belfast.

FOSTERING THE USE OF THE GAELIC LANGUAGES

Colmcille

The CEO and Director of Language Planning and Community Development of Bòrd na Gàidhlig visited Foras na Gaeilge and a series of meetings was organised between them and the Chair and senior management of Foras and the Committee and staff of Colmcille.

The competition Iomáin Cholmcille was organised through Irish and Scottish Gaelic in Gaoth Dobhair in November 2018. Five men's teams and three women's teams took part as well as junior teams.

The second round of the Colmcille grants scheme was run and a bursary scheme was announced for 2019.

Colmcille's strategy for 2019-2022 was presented to the Board of Foras na Gaeilge; it was approved and forwarded to the Sponsoring Departments together with a report on the years 2014-2018.

SUPPORTING THE USE OF IRISH IN VARIOUS AREAS

Foras na Gaeilge approved a grant of Stg£75,000 from 2018 to 2020 for the Ulster Gaelic Athletic Association (Ulster Council) to support an Irish language program by providing funding for an Irish Language Officer.

Grúpaí le Gaeilge (Groups with Irish)

This new small grants scheme (up to €800/Stg£650) aimed at developing new networks was run during 2018 and a fund of €24,534 was approved for 33 successful applicants.

Q-Mark

Q Mark Gnó le Gaeilge and www.qmharc.ie were launched. 7 companies were awarded the ISO accreditation seal for good practice in bilingualism in business. The NSAI awarded an updated accreditation (under IS EN ISO 9001: 2015) on the qualification system Q-Mark Gnó le Gaeilge Business in 2018 as well and the process is open to other companies to work towards achieving the official seal for good practice.

An tionscadal Eorpach Focail Eile

Is clár comhpháirtíochta é an tionscadal liteartha Focail Eile idir eagraíochtaí cultúrtha/teanga i réigiúin Eorpacha agus tá sé d'aidhm aige líonra de shocrúcháin chruthaitheacha a chruthú do scríbhneoirí Eorpacha i mionteangacha agus i dteangacha mionlaigh.

Chuaigh Rody Gorman chun na Slóivéine ar feadh dhá mhí sa samhradh in 2018. Le linn an ama sin, luigh sé isteach ar a chuid filíochta agus bhí sé os comhair an phobail ag léamh filíochta. Tá an fhilíocht á aistriú go Slóivéinis, Bascais, Macadóinis, Freaslainnis agus Béarla. Chaith Aifric Mac Aodha tréimhse chónaithe in Leeuwarden. Le linn na tréimhse, bhí sí páirteach in imeachtaí ar nós léamh filíochta.

Tháinig Karen Bies ón bhFreaslainn agus chaith sí dhá mhí sa Ghaeltacht i mBéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo. Bhí sí mar ealaíontóir cónaithe in Áras Inis Gluaire, áit ar ghlac sí páirt in imeachtaí an Árais.

Tháinig Elvira Bonafacio, scríbhneoir as Curaçao sna hAintillí, ar cuairt agus rinne sí sraith de cheardlanna i nGaelcholáiste Dhoire agus i gColáiste na Trócaire, Béal Feirste.

ÚSÁID NA dTEANGACHA GAELACHA A CHOTHÚ

Colmille

Thug Príomhfheidhmeannach Bhòrd na Gàidhlig agus Stiúrthóir Pleanála Teanga agus Forbairt Pobail na heagraíochta sin cuairt ar Fhoras na Gaeilge agus eagraíodh sraith cruinnithe idir iad agus Cathaoirleach agus ardoifigigh an Fhorais agus Coiste agus foireann Cholmille.

Eagraíodh an comórtas Iomáin Cholmille trí Ghaeilge na hAlban agus Ghaeilge na hÉireann i nGaoth Dobhair i mí na Samhna 2018. Bhí cúig fhoireann fear agus trí fhoireann ban páirteach, chomh maith le foirne sóisearacha.

Ritheadh an dara babhta de scéim deontas Cholmille agus fógraíodh scéim sparánachta le haghaidh 2019.

Cuireadh straitéis Cholmille le haghaidh 2019-2022 faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge; faomhadh í agus cuireadh ar aghaidh í chuig na Ranna Coimircíochta mar aon le tuairisc ar na blianta 2014-2018.

TACÚ LE hÚSÁID NA GAEILGE I RÉIMSÍ ÉAGSÚLA

Cheadaigh Foras na Gaeilge deontas ar luach Stg£75,000 ó 2018 go 2020 do Chumann Lúthchleas Gael Chúige Uladh (is é sin Comhairle Uladh) chun tacú le clár Gaeilge trí mhaoiniú a chur ar fáil d'Oifigeach Gaeilge

Grúpaí le Gaeilge

Reáchtáladh an scéim úr miondeontas seo (suas go €800 / Stg£650) dírithe ar ghréasáin úra a fhorbairt le linn 2018 agus ceadaíodh ciste €24,534 do 33 iarratasóir rathúil.

Q-Mharc

Seoladh Q-Mharc Gnó le Gaeilge agus www.qmharc.ie. Bronnadh an séala ISO-chreidiúnaithe ar 7 gcomhlacht as ucht dea-chleachtas sa dátheangachas a fheidhmiú ar bhonn gnó. Bhronn an NSAI creidiúnú uasdátaithe (faoi I.S EN ISO 9001:2015) ar an gcóras cáilithe Q-Mharc Gnó le Gaeilge in 2018 chomh maith agus tá an próiseas ar oscailt do chomhlachtaí eile oibriú i dtreo an tséala oifigiúil don dea-chleachtas a bhaint amach.

SUPPORTING THE USE OF IRISH IN MEDIA AND MULTIMEDIA

News service

A 4 year grant of €1.2 million was approved for www.tuairisc.ie in 2014. The newspaper was published online during 2018 and was read by over 260,800 users up to the end of the year, an increase of almost 4%. Between 10,000 and 15,000 unique users visited to the site in 2018 with a total of 2,142,649 page views during the year. An extension was approved to the current contract until December 2019.

Scéim Iris Stíl Mhaireachtála (The Lifestyle Magazine Scheme)

www.nos.ie was the successful applicant in this scheme to publish an online feature magazine. Monthly editions were published during 2018. The NÓS Music Awards 2018 were also organised under the aegis www.nos.ie. An extension was approved to the current contract until December 2019.

Scéim Iris Ghaeilge (The Irish Language Magazine Scheme)

Comhar was the successful applicant for the publication of an Irish language magazine. 12 editions of the magazine were published in 2018. As an indication of the progress made during the year, the number of subscribers increased to over 350 and between 40-60 copies of the magazine are sold monthly now through Easons shops throughout the island. An extension was approved to the current contract until December 2019.

TACÚ LE hÚSÁID NA GAEILGE SNA MEÁIN & SNA HILMHEÁIN

Seirbhís nuachta

Ceadaíodh deontas ceithre bliana de luach €1.2 milliún do www.tuairisc.ie in 2014. Foilsíodh an nuachtán ar líne go seachtainiúil le linn 2018 agus léigh os cionn 260,800 úsáideoir anuas go deireadh na bliana é agus sin ardú beagnach 4% ar líon na n-úsáideoirí in 2017. Bhí idir 10,000 agus 15,000 úsáideoir uathúil a thug cuairt ar an suíomh in aghaidh na seachtaine in 2018 agus 2,142,649 amharc leathanaigh déanta i rith na bliana. Ceadaíodh síneadh ama ar an gconradh reatha go Nollaig 2019.

Scéim Iris Stíl Mhaireachtála

Ba é www.NOS.ie an t-iarratasóir rathúil sa scéim seo chun gné-iris ar líne a fhoilsiú. Rinneadh eagrán mhíosúla a fhoilsiú le linn 2018. Eagraíodh Gradaim Cheoil NÓS 2018 faoi scáth www.NOS.ie chomh maith. Ceadaíodh síneadh ama ar an gconradh reatha go Nollaig 2019.

Scéim Iris Ghaeilge

Ba é Comhar an t-iarratasóir rathúil sa scéim seo chun foilseachán ar ábhar Gaeilge a fhoilsiú. Foilsíodh 12 eagrán den iris in 2018. Mar léiriú ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana ardaíodh líon na sintiúsóirí go dtí os cionn 350 agus tá idir 40-60 cóip den iris á díol anois go míosúil trí shiopaí de chuid Easons ar fud an oileáin. Ceadaíodh síneadh ama ar an gconradh reatha go Nollaig 2019.

CORPORATE OBJECTIVE 4: **COMMUNICATIONS** - *To communicate effectively with stakeholders and to promote the effective marketing of the Irish language throughout the island of Ireland*

TO FOCUS PUBLIC ATTENTION ON THE IRISH LANGUAGE

A yearly plan was agreed with Conradh na Gaeilge on which quarterly reporting and monitoring took place. In addition Foras na Gaeilge and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht established a high-level joint committee to direct a support programme for Bliain na Gaeilge which focussed on activities and raising awareness of the language and being implemented by Conradh na Gaeilge.

Various Projects and Events

Funding support was provided on an island-wide basis to help libraries promote literary events with Irish language writers and authors.

Funding was provided for competitions run by Raidió na Gaeltachta for schools and for the CD CEOL 2018.

Various publicity campaigns were organised to support Foras na Gaeilge projects including Bliain na Gaeilge 2018, Do Ghairm le Gaeilge and Foras na Gaeilge's large-scale awareness campaigns. As part of these major campaigns information folders were created illustrating the various work areas of Foras na Gaeilge, short animations and awareness videos along with new adverts.

A new era began in the history of Foras na Gaeilge when An Taoiseach, Leo Varadkar TD, opened the new Foras na Gaeilge headquarters at 63-66 Amiens Street on 30 January 2018. The Taoiseach took a tour of the new offices including the new Raidió na Life studios along with the Governmental Chief-Whip and Minister of State for the Gaeltacht, Joe McHugh TD before the headquarters opened officially. There were employees and former employees, board members and former board members, ministers and ministers of State, lead-organisations and Irish language organisations as well as other locally-based organisations at the launch.

Foras na Gaeilge had representation at large-scale national events including Fleadh Cheoil na hÉireann in Drogheda and Oireachtas na Samhna 2018 in Killarney.

The Chairman of Foras na Gaeilge, Pól Ó Gallchóir, launched a new series of portraits as part of the project *Portráidí na Scríbhneoirí* at the new headquarters of Foras na Gaeilge on 29 November 2018. *Portráidí na Scríbhneoirí* is an exemplary project which celebrates Irish language writers and presents excellent photographic content publicly. The new portraits supplemented the beautiful full-colour collection published in 2016, featuring portraits of 107 of the most distinguished writers in the Irish language, both literary authors and academic writers, whose portraits were taken between 2009-2013 by Máire Uí Mhaicín for Foras na Gaeilge.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 4: **CUMARSÁID** – *Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus margaiócht éifeachtach na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann a chur chun cinn*

AIRD AN PHOBAIL A THARRAINGT AR AN nGAEILGE

Aontaíodh plean bliana le Conradh na Gaeilge a ndearnadh tuairisciú agus monatóireacht ráithiúil air. Lena chois sin bhunaigh Foras na Gaeilge agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta comhchoiste ardleibhéil le stiúir a dhéanamh ar chlár tacaíochta do Bhliain na Gaeilge a bhí dírithe ar ghníomhaíochtaí agus ardú feasachta na teanga agus á fheidhmiú ag Conradh na Gaeilge.

Tionscadail agus Imeachtaí Éagsúla

Cuireadh maoiniú ar fáil mar thacaíocht do leabharlanna timpeall an oileáin chun ócáidí liteartha le scríbhneoirí Gaeilge agus údair Ghaeilge a chur chun cinn.

Cuireadh maoiniú ar fáil do Raidió na Gaeltachta chun comórtais a reáchtáil do scoileanna agus don dlúthdhiosca CEOL 2018.

Eagraíodh feachtais phoiblíochta éagsúla le tacú le tionscadail de chuid Fhoras na Gaeilge lena n-áirítear Bliain na Gaeilge 2018, Do Ghairm le Gaeilge agus mórfeachtas feasachta Fhoras na Gaeilge. Mar chuid den mhórfeachtas sin cruthaíodh fillteáin eolais a thugann léargas ar réimsí éagsúla oibre de chuid Fhoras na Gaeilge, gearrscannáin bheochana agus físeáin feasachta chomh maith le fógraí nua.

Cuireadh tús le ré nua i stair Fhoras na Gaeilge nuair a d’oscail an Taoiseach, Leo Varadkar TD, ceannáras nua Fhoras na Gaeilge ag 63-66 Sráid Amiens ar an 30 Eanáir 2018. Thug an Taoiseach camchuairt ar na hoifigí nua lena n-áirítear stiúideoonna nua Raidió na Life i dteannta Phríomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit na Gaeltachta, Joe McHugh TD sular oscail sé an ceannáras go hoifigiúil. Bhí idir fhostaithe agus iarfhostaithe, chomhaltaí agus iarchomhaltaí boird, airí agus airí Stáit, cheanneagraíochtaí agus eagraíochtaí Gaeilge chomh maith le heagraíochtaí atá lonnaithe sa chomharsanacht i láthair ag an seoladh.

Bhí ionadaíocht ag Foras na Gaeilge ag mórócáidí náisiúnta lena n-áirítear Fleadh Cheoil na hÉireann i nDroichead Átha agus Oireachtas na Samhna 2018 i gCill Airne.

Sheol Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, Pól Ó Gallchóir, sraith nua portráidí mar chuid den tionscadal Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge i gceannáras nua Fhoras na Gaeilge ar an 29 Samhain 2018. Tionscadal eiseamláireach é Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge a dhéanann an scríbhneoir Gaeilge a chomóradh agus a chuireann ábhar grianghrafadóireachta den scoth i láthair an phobail. Chuir na portráidí nua leis an gnuasach álainn lán-daite a foilsíodh in 2016, ina bhfuil portráidí de 107 de na scríbhneoirí is aitheanta i saol na Gaeilge, idir údair liteartha agus scríbhneoirí acadúla, ar thóg Máire Uí Mhaicín a bportráidí d’Fhoras na Gaeilge idir 2009-2013.

Social Media and Media Presence

This is a very important aspect of the work of Foras na Gaeilge, to keep the public aware of projects, relevant news and other activities.

Foras na Gaeilge had regular contact with the Irish and English language media during 2018. Spokespersons were made available for radio, television and newspaper interviews and press releases were issued on an ongoing basis. Communication plans were put in place to share important information with the media and to discuss relevant questions with partners.

News about the Irish language was provided continuously on the portal site and was maintained in conjunction with the service provider during 2018.

Twitter, Instagram, Facebook and YouTube were used regularly to publicise the activities of Foras na Gaeilge during 2018. The opening of the new headquarters and the discussion session about Bliain na Gaeilge at the Fleadh Cheoil in Drogheda were streamed live on Facebook Live.

An Gúm increased their use of Facebook and Twitter to publicise publications. Competitions were run on these media platforms during the year. Brochures and catalogues were distributed to shops and schools and promotional stands were organised at some relevant events, including the Primary Principals' Conference and the Comhairle na Gaelscolaíochta Conference.

Sponsorships

Foras na Gaeilge was delighted to sponsor a wide range of projects and among the main projects were: Gaelspraoi at the St. Patrick's Day Festival; Fleadh Cheoil na hÉireann; and Na Gaeil Óga.

A wide range of awards was sponsored to recognise good practice in the Irish language in different areas. Awards included: the Smedias – awards for students who have excelled in the media field; the Aisling Awards; and the Irish Marketing Awards.

Feature Advertising

Print media remains a great marketing tool which provides a valuable opportunity to widely deliver content and messaging, not only among the Irish language community but the public at large. The *Irish Independent* Seachtain na Gaeilge supplement entitled *Bain Triail Aisti!* produced with the newspaper on 1 March was sponsored.

Publicising Lexicography

To publicise lexicography:

- 8 conferences and festivals were attended to raise the profile of the dictionary websites
- The total number of individual users on www.focloir.ie increased to 1.9 million, an increase of 26% from 2017 (23 million page views)
- The total number of individual users on www.teanglann.ie increased to 1.5 million, an increase of 21% from 2017 (27 million pages views) and
- 20,782 views were achieved on the dictionary's YouTube video channel.

Láithreacht sna Meáin agus ar na Meáin Shóisialta

Is gné an-tábhachtach í seo d'obair Fhoras na Gaeilge leis an bpobal a choimeád ar an eolas maidir le tionscadaíl, nuacht ábhartha agus gníomhaíochtaí eile.

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla le linn 2018. Cuireadh urlabhraithe ar fáil d'agallaimh raidió, teilifíse agus nuachtáin agus eisíodh preaseisiúintí ar bhonn leanúnach. Cuireadh pleananna cumarsáide i bhfeidhm le heolas tábhachtach a roinnt leis na meáin agus le ceisteanna ábhartha a chíoradh le comhpháirtithe.

Cuireadh nuacht leanúnach faoin nGaeilge ar fáil ar an suíomh tairsí agus rinneadh cothabháil air i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse le linn 2018.

Baineadh úsáid rialta as Twitter, Instagram, Facebook agus YouTube le gníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge a phoibliú le linn 2018. Rinneadh sruthú beo ar oscailt an cheannárais nua agus ar sheisiún plé faoi Bhliain na Gaeilge ón bhFleadh Cheoil i nDroichead Átha ar Facebook Live.

Mhéadaigh an Gúm an úsáid a baineadh as Facebook agus Twitter chun na foilseacháin a phoibliú. Rinneadh comórtais a reáchtáil ar na meáin sin i rith na bliana. Scaipeadh bróisiúir agus catalóga ar na siopaí agus ar na scoileanna agus eagraíodh seastáin phoiblíochta ag roinnt ócáidí ábhartha, ina measc Comhdháil na bPríomhoidí Bunscoile agus Comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta.

Urraíochtaí

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge urraíocht a dhéanamh ar raon leathan tionscadal agus i measc na bpríomhthionscadal áirítear: Gaelspraoi ag Féile Lá Fhéile Pádraig; Fleadh Cheoil na hÉireann; agus na Gaeil Óga.

Rinneadh urraíocht ar raon leathan gradam le haitheantas a thabhairt don sárchleachtas trí Ghaeilge i réimsí difriúla. I measc na ngradam áirítear: Smedias – gradaim do mhic léinn a léirigh barr feabhais i réimse na mean; Gradaim na hAislinge; agus Gradaim Mhargaíochta na hÉireann.

An Ghnéfhógraíocht

Is uirlis iontach láidir margaíochta iad na meáin chlóite i gcónaí a thugann deis luachmhar dúinn ábhar agus teachtaireachtaí a scaipeadh go forleathan, ní hamháin i measc phobal na Gaeilge ach i measc an phobal níos leithne. Rinneadh urraíocht ar fhorlónadh Sheachtain na Gaeilge san *Irish Independent* dar teideal *Bain Triail Aisti!* a cuireadh ar fáil leis an nuachtán ar an 1 Márta.

Poiblíocht ar an bhFoclóireacht

Le poiblíocht a fháil ar an bhfoclóireacht:

- Rinneadh freastal ar 8 gcomhdháil agus féile chun próifil na suíomhanna foclóireachta a ardú
- Méadaíodh ar líon na n-úsáideoirí aonair ar www.focloir.ie go dtí 1.9 milliún, méadú 26% ó 2017 (23 milliún leathanach breathnaithe acu)
- Méadaíodh ar líon na n-úsáideoirí aonair ar www.teanglann.ie go dtí 1.5 milliún, méadú 21% ó 2017 (27 milliún leathanach breathnaithe acu) agus
- Baineadh amach 20,782 amharc ar fhíseáin YouTube an fhoclóra.

Awareness Strategy

An awareness strategy was produced during 2017 which challenged Foras na Gaeilge to reflect on the public perception of the organisation. The strategy set out recommendations for improving Foras na Gaeilge's performance in terms of public relations and in terms of small and large scale campaigns, as well as raising the profile on social media in particular.

Amongst the recommendations implemented was the establishment of an internal inter-departmental working group to raise the profile of Foras na Gaeilge on social media and increase awareness of the organisation among the general public.

Do Ghairm le Gaeilge and gradireland

The Do Ghairm le Gaeilge (Your Career with Irish) campaign was run in conjunction with gradireland and Peig.ie.

During 2018 videos of interviews with people working through the medium of Irish were made available online, information on Irish language employment opportunities were distributed to students throughout the island and a new edition of the information booklet *Do Ghairm le Gaeilge* was made available.

As part of the campaign Foras na Gaeilge had a stand at the gradireland work fair on 3 October and at the Zeminar fair in the Royal Dublin Society (RDS) on October 13-15 .

Straitéis Feasachta

Cuireadh straitéis feasachta i dtoll a chéile le linn 2017 a thug dúshlán d'Fhoras na Gaeilge machnamh a dhéanamh ar an mbealach a samhlaíonn an pobal an eagraíocht. Leag an straitéis moltaí amach le feidhmíocht Fhoras na Gaeilge a fheabhsú ó thaobh caidrimh phoiblí agus ó thaobh mórfheachtas agus mionfheachtas de, chomh maith leis an bpróifil a ardú ar na meáin shóisialta go háirithe.

I measc na moltaí a cuireadh i bhfeidhm, bunaíodh meitheal thrasrannógach inmheánach le próifil Fhoras na Gaeilge a ardú ar na meáin shóisialta agus le cur leis an bhfeasacht ar an eagraíocht i measc an phobail mhóir.

Do Ghairm le Gaeilge agus gradireland

Reáchtáladh an feachtas Do Ghairm le Gaeilge i gcomhar le gradireland agus Peig.ie.

Le linn 2018 cuireadh físeáin d'agallaimh le daoine atá ag obair trí mheán na Gaeilge ar fáil ar líne, scaipeadh eolas faoi dheiseanna fostaíochta trí Ghaeilge ar mhic léinn ar fud an oileáin agus cuireadh eagrán nua den leabhrán eolais *Do Ghairm le Gaeilge* ar fáil.

Mar chuid den fheachtas bhí seastán ag Foras na Gaeilge ag an aonach oibre gradireland ar an 3 Deireadh Fómhair agus ag aonach Zeminar ar an 13-15 Deireadh Fómhair i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS).

CORPORATE OBJECTIVE 5: POLICY, PLANNING & RESEARCH

ORGANISATIONAL DEVELOPMENT

Staffing

In order to ensure adequate staffing resources were available to the organisation, recruitment processes were organised as posts were approved and as vacancies arose for the usual reasons for staff reductions (illness, career break, maternity leave etc) .

Cross departmental collaboration within the organisation to address busy periods and to support specific projects continued and training opportunities were provided to staff across the organisation.

Three staff general meetings were held in 2018 where all of the organisation's staff met on one site for communication and training purposes.

Accommodation

The headquarters of Foras na Gaeilge moved from 7 Merrion Square, Dublin 2 to 63-66 Amiens Street, Dublin 1, in September 2017 and at the same time Áis (the Foras na Gaeilge book distribution company) moved to a warehouse in Dunshaughlin, Co. Meath. Stakeholders were kept informed about this through a sustained awareness campaign and the opportunity was taken to develop improved arrangements in technology across the organisation to improve the effectiveness of the work for example, a centralised system for phone calls and improved video-conferencing arrangements. The advantages of these new, integrated arrangements came into focus in 2018, the first full year of operation in the two new sites.

A Strategy for Foras na Gaeilge

Further discussions took place during 2018 at Board and staff level on a longer term strategy (5 years) for the organisation itself in the context of the other strategies relevant to the role of the organisation. This project was led by the Development Committee, one of the Board's committees.

FULFILMENT OF STATUTORY OBLIGATIONS

The Language Body Annual Report and Accounts for 2016 were laid in the houses of government in both jurisdictions on 14 June 2018. Drafts of Foras na Gaeilge's 2017 Annual Report and Accounts were provided to the appropriate authorities before the end of March 2018 and other statutory duties such as reporting on prompt payments, pensions and so on were also fulfilled.

General Data Protection Regulation (GDPR)

Special priority was given to implementing the statutory obligations arising from the General Regulation on Data Protection (GDPR) which was ratified on 14 April 2016 and enacted on 25 May 2018. A specific working group was established to identify and undertake related preparations before that date. A Data Protection Officer (DPO) was appointed and registered, a number of staff in the most relevant business areas (corporate, financial and human resources) were trained and achieved relevant qualifications. Specific training was provided to the organisation's management and more general

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 5: POLASAÍ, PLEANÁIL & TAIGHDE

FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Cúrsaí Foirne

D'fhonn a dheimhniú go mbeadh acmhainní leordhóthanacha foirne ar fáil don eagraíocht, eagraíodh próisis earcaíochta de réir mar a ceadaíodh poist agus de réir mar a tháinig folúntais chun cinn ar na gnáthchúiseanna le laghdú foirne (breoiteacht, sos gairme, saoire mháithreachais agus araile).

Leanadh den chomhoibriú trasannógach laistigh den eagraíocht le dul i ngleic le tréimhsí brú agus le tacú le tionscadail ar leith agus cuireadh deiseanna oiliúna ar fáil don fhoireann trasna na heagraíochta.

Reachtáladh trí ollchruinniú foirne in 2018 inar tháinig foireann uile na heagraíochta le chéile ar aon láthair ar mhaithe le cúiseanna cumarsáide agus oiliúna.

Cúrsaí Cóiríochta

D'aistrigh ceanncheathrú Fhoras na Gaeilge ó 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 go dtí 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, i mí Mheán Fómhair 2017 agus ag an am céanna bhog Áis (gnólacht seachadta leabhar Fhoras na Gaeilge) go dtí trádstóras i nDún Seachlainn, Co. na Mí. Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas faoi seo trí fheachtas leanúnach feasachta agus tapaíodh an deis le socruithe feabhsaithe a fhorbairt maidir le cúrsaí teicneolaíochta ar fud na heagraíochta a chuir le héifeacht na hoibre, mar shampla, córas lárnach le haghaidh glaonna gutháin agus socruithe feabhsaithe fisichomhdhála. Tháinig buntáistí na socruithe nua comhtháite seo i bhfócas in 2018, an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú ar an dá láthair nua.

Straitéis d'Fhoras na Gaeilge

Rinneadh go leor forbartha ar an bplé a rinneadh in 2018 ag leibhéal Boird agus foirne ar straitéis níos fadtéarmaí (5 bliana) don eagraíocht féin i gcomhthéacs na straitéisí eile atá ábhartha do ról na heagraíochta. Ba é an Coiste Forbartha, coiste de chuid an Bhoird, a stiúir an tionscadal seo.

DUALGAIS REACHTÚLA A CHOMHLÍONADH

Leagadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Fhorais Teanga don bhliain 2016 i dtithe an rialtais sa dá dhlínse ar an 14 Meitheamh 2018. Cuireadh dréachtaí de Thuarascáil Bhliantúil agus de Chuntais Fhoras na Gaeilge don bhliain 2017 ar aghaidh chuig na húdaráis chuí roimh dheireadh Mhárta 2018 agus freastalaíodh ar dhualgais reachtúla eile ar nós tuairisceoireacht ar phrasíocaíochtaí, pinsin agus araile.

Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Rinneadh cúram ar leith de na dualgais reachtúla a d'eascair ón Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a faomhadh ar an 14 Aibreán 2016 agus a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Bunaíodh meitheal oibre ar leith le hullmhúcháin a aithint agus a chur i gcrích roimh an dáta sin Ceapadh agus cláraíodh Oifigeach Chosaint Sonraí (OCS), fuair roinnt ball foirne sna réimsí gnó is ábhartha (cúrsaí corparáideacha, cúrsaí airgeadais agus cúrsaí acmhainní daonna) oiliúint agus bhain siad cáilíochtaí

training was provided on the subject to all staff to create the awareness required through the whole organisation. A stepped review was undertaken on various work areas to verify that they were consistent with the provisions and principles of the regulation: data protection policy, procedures for retention and disposal of records, website, application forms of schemes, staff induction, contracts / agreements with third parties regarding certain services which feature personal data sharing, procedures for contact through client databases and so on.

Brexit

As this GDPR work continued, possible challenges that could arise to the daily work of the organisation were identified in relation to Brexit.

An assessment was carried out on a range of other operational areas for which there could be consequences after Brexit took place in order to ensure planning and the necessary preparations for continuity of performance to grantees and the general public.

REPORTING OBLIGATIONS TO BOTH GOVERNMENTS

Reports were provided on the organisation's progress on the work set out in the business plan and monitoring meetings with the Sponsoring Departments were attended. Questions were answered (parliamentary questions, for example) and other requirements in this area of work were tended to.

FOLLOWING GOOD PRACTICE IN LANGUAGE PLANNING & PROMOTING POLICY AND PLANNING

A draft of Foras na Gaeilge's Business Plan for 2019 was submitted to the Sponsoring Departments.

Activity reports were provided on the implementation of the 20 Year Strategy for the Irish Language 2010-2030 and the work of Foras na Gaeilge in relation to the Gaeltacht Act 2012.

Foras na Gaeilge paid particular attention to the role specified for the organisation in *Action Plan 2018-22* published on 29 June 2018.

Foras na Gaeilge took part in the relevant high level groups in the south.

A joint meeting of Foras na Gaeilge and Údarás na Gaeltachta was held at Oireachtas na Gaeilge on 2 November 2018 to accelerate practical cooperation, communication and complementary planning in relation to the promotion of the language.

Since the first full year (in 2015) of the new arrangements for the area previously known as the 'core-funded sector' the Partnership Approach has continued to operate and in 2018 Foras na Gaeilge decided to begin a review of work of the lead organisations. This process is ongoing and Foras na Gaeilge hopes that it will be completed by the end of 2019.

ábhartha amach. Fuair an lucht bainistíochta san eagraíocht oiliúint ar leith agus tugadh oiliúint níos ginearálta ar an ábhar don fhoireann uile leis an bhfeasacht tríd an eagraíocht ar fad atá riachtanach a bhaint amach. Rinneadh athbhreithniú céimneach ar réimsí éagsúla oibre lena dheimhniú go mbeidís ag teacht le forálacha agus prionsabail an Rialacháin: polasaí um chosaint sonraí, nósanna coinneála agus diúscartha taifead, suíomh gréasáin, foirmeacha iarratais ar scéimeanna, ionduchtú foirne, conarthaí/comhaontuithe le tríú páirtithe maidir le seirbhísí áirithe a bhfuil gné sonraí pearsanta ag roinnt leo, gnásanna teagmhála trí bhunachar cliant agus araile.

An Breatimeacht

Agus an obair seo faoin RGCS idir lámha, aithníodh na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'obair laethúil na heagraíochta mar gheall ar an mBreatimeacht.

Rinneadh measúnú ar raon réimsí oibríochtúla eile a mbeadh impleachtaí ann dóibh tar éis an Bhreatimeachta leis an bpleanáil agus na hullmhúcháin chuí a dhéanamh le leanúnachas feidhmíochta a dheimhniú do dheontaithe agus don phobal i gcoitinne.

DUALGAIS TUAIRISCITHE DON DÁ RIALTAS

Cuireadh tuairiscí ar fáil ar dhul chun cinn na heagraíochta ar obair leagtha amach sa phlean gnó agus freastalaíodh ar chruinnithe monatóireachta leis na Ranna Coimircíochta. Freagraíodh ceisteanna (ceisteanna Dála, mar shampla) agus rinneadh freastal ar éilimh eile sa réimse oibre seo.

DEA-CHLEACHTAS PLEANÁLA TEANGA A LEANÚINT & CÚRSAÍ POLASAÍ AGUS PLEANÁLA A CHUR CHUN CINN

Cuireadh dréacht de Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge don bhliain 2019 faoi bhráid na Ranna Coimircíochta.

Cuireadh tuairiscí gníomhaíochtaí ar fáil i leith fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus obair Fhoras na Gaeilge i dtaca le hAcht na Gaeltachta 2012 de.

Thug Foras na Gaeilge aird ar leith ar an ról atá sonraithe don eagraíocht in *Plean Gníomhaíochta 2018-22* a foilsíodh ar an 29 Meitheamh 2018.

Ghlac Foras na Gaeilge páirt sna grúpaí ardleibhéil oiriúnacha ó dheas.

Reáchtáladh comhchruinniú d'Fhoras na Gaeilge agus d'Údarás na Gaeltachta ag Oireachtas na Gaeilge ar an 2 Samhain 2018 le dlús a chur le comhoibriú praiticiúil, cumarsáid agus pleanáil chomhlántach chun an teanga a chur chun cinn.

Ó cuireadh na socrúithe nua don réimse ar a dtugtaí roimhe 'an earnáil bhunmhaoinithe' i bhfeidhm (in 2015), tá an Cur Chuige Comhpháirtíochta tar éis feidhmiú go leanúnach agus in 2018 shocraigh Foras na Gaeilge go dtabharfaí faoi athbhreithniú ar obair na gceanneagraíochtaí. Tá an próiseas seo fós ar bun agus súil ag Foras na Gaeilge go mbeidh sé curtha i gcrích faoi dheireadh 2019.

PROMOTING RESEARCH

Public Attitudes towards the Use of Irish in a Business Context

IPSOS/MRBI was commissioned by Foras na Gaeilge to conduct comprehensive research into public attitudes towards the use of Irish in a business context. This was a piece of research which was part of a series commenced in 2005 and included aspects of ability and usage capabilities from the start. The research showed a high level of support for the use of Irish in a business context, in particular for signage and websites. Broader questions could serve as an early warning system for any diminution in public support for the Irish language in general and the results showed that there is no risk of that. This research will be particularly useful as part of the case supporting the Q-Marc for Irish, quality assurance system for Irish in business.

Other

Research took place for an organisational strategy as stated under 'Organisational Development' at the beginning of this chapter.

In the area of lexicography, research was carried out on the content, layout and design of the printed version of New English-Irish Dictionary.

ORGANISATIONAL MATTERS

Attendance at Board Meetings

The table below details the attendance at Board Meetings.

	Out of 9	19/01	23/02	13/04	18/05	22/06	20/07	14/09	02/11	07/12
Pól Ó Gallchóir	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Micheál Ó Domhnaill	6/9	X	X	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
Gráinne McElwain	7/9	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓
Bláthnaid Ní Chofaigh	7/9	✓	✓	✓	X	✓	X	✓	✓	✓
Seán Ó hArgáin	7/9	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Ó Coistealbha	7/9	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Conor McGuinness	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Barra Ó Muirí	6/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓
Maighread Ní Chonghaile	8/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Mairéad Farrell	5/9	✓	X	✓	✓	✓	X	X	X	✓
Máire Ní Neachtain	8/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Sorcha Ní Chéidigh	8/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	7/9	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓

Collaborative projects

In co-operation with the Ulster-Scots Agency, collaboration took place on two specific projects:

- Events at the Fusion festival; and
- Joint training in the area of equality issues.

PROTECTED DISCLOSURES

Subject to the provisions of the Protected Disclosures Act 2014 the following information is published here. No protected disclosures were made to Foras na Gaeilge during 2018.

TAIGHDE A CHUR CHUN CINN

Dearcadh an Phobail faoi Úsáid na Gaeilge i gComhthéacs Gnó

Choimisiúnaigh Foras na Gaeilge IPSOS/MRBI le taighde cuimsitheach a dhéanamh ar dhearcadh an phobail faoi úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs gnó. Píosa taighde a bhí anseo mar chuid de shraith a thosaigh in 2005 agus chuimsigh sé ceisteanna faoi leibhéal cumais agus úsáide ó tosaíodh air. Léirigh an taighde an-tacaíocht d'úsáid na Gaeilge i comhthéacs gnó, go háirithe do chomharthaíocht agus do shuíomhanna gréasáin. D'fheidhmeodh ceisteanna níba leithne mar chóras réamhrabhaidh faoi aon laghdú a bheadh ar bhá an phobail don Ghaeilge i gcoitinne agus léirigh na torthaí nach bhfuil aon bhaol air sin. Bainfead leas go háirithe as an taighde seo mar chuid den chás ag tacú le Q-Mharc Gaeilge.

Eile

Rinneadh taighde i dtreo straitéise don eagraíocht mar atá luaite faoi 'Forbairt Eagraíochtúil' i dtosach na caibidle seo.

I réimse na foclóireachta rinneadh taighde ar ábhar, leagan amach agus dearadh an leagáin chlóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge.

CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTÚLA

Tinreamh ag Cruinnithe Boird

Léiríonn an tábla thíos sonraí an tinrimh ar Chruinnithe Boird.

	As 9	19/01	23/02	13/04	18/05	22/06	20/07	14/09	02/11	07/12
Pól Ó Gallchóir	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Mícheál Ó Domhnaill	6/9	X	X	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
Gráinne McElwain	7/9	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓
Bláthnaid Ní Chofaigh	7/9	✓	✓	✓	X	✓	X	✓	✓	✓
Seán Ó hArgáin	7/9	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Ó Coistealbha	7/9	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Conor McGuinness	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Barra Ó Muiri	6/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓
Maighréad Ní Chonghaile	8/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Mairéad Farrell	5/9	✓	X	✓	✓	✓	X	X	X	✓
Máire Ní Neachtain	8/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Sorcha Ní Chéidigh	8/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	7/9	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓

Comhthionscadail

I gcomhar le Gníomhaireacht na hUltaise, rinneadh comhoibriú ar dhá shaintionscadal:

- Imeachtaí ag an bhféile Fusion; agus
- Comhoiliúint faoi chúrsaí comhionannais.

NOCHTADH COSANTA

Faoi réir fhorálacha an *Achta um Nochtadh Cosanta 2014* foilsítear anseo an t-eolas seo a leanas. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le Foras na Gaeilge le linn 2018.

ENERGY REPORTING

Office	Electricity	Fossil Fuels					Actions and Planning	
Location / County	kWh Electricity	kWh Natural Gas (heat)	kWh Gas Oil	kWh Transport Fuel (Petrol, diesel)	kWh Transport Fuel (LPG)	kWh Total Fossil Fuel	Actions taken in 2018	Planning for 2019
Amiens St / Dublin	144,750	N/a	N/a	N/a	N/a	N/a	New A-rated Office/Building. Solar panels in use. Air-conditioning system in use. Heat recovery system also in use. Doors and Windows mostly closed.	Continuing to use the automated systems.
Gaoth Dobhair / Donegal	N/a	N/a	N/a	N/a	N/a	N/a	Certain amount paid each year. Energy-saving bulbs used where possible.	Lights turned off and doors closed when possible.
AIS - Dunshaughlin / Co. Meath	36,521	159,579	N/a	N/a	N/a	159,579	New grade C3 Office and Warehouse. Doors closed and lights turned off where possible. LED lighting fitted in the office and warehouse.	Lights turned off and doors closed when possible.
Rath Chairn / Co. Meath	22,331	N/a	N/a	N/a	N/a	N/a	Storage heaters in use, thus a single bill.	Lights and heat turned off when nobody is in the room.

TUAIRSCIÚ I LEITH FUINNIMH

Oifig	Leictreachas	Breosla Iontaise					Céimeanna agus Pleanáil	
		kWh Leictreachas	kWh Gás Nádúrtha (teas)	kWh Gás Ola	kWh Breosla iompar (Peitreal, artola)	kWh Breosla iompar (LPG)	kWh Breosla Iontaise iomlán	Céim-eanna tógtha 2018
Sráid Amiens / Baile Átha Cliath D.Fómhair - Nollaig	144,750	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Oifig/Foirgneamh nua, grád A. Painéil gréime in úsáid. Córas aerchóimthe in úsáid. Córas athghabhála teasa freisin. Doirse agus fuinneoga dúnta den chuid is mó.	Leanúint ar aghaidh leis na córais nua uathoibríocha.
Gaoth Dobhair / Dún na nGall	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Méid áirithe a íoctar gach bliain. Úsáidtear bolgáin atá coigilteach ar fuinneamh a oiread agus is féidir.	Múchtar soilse agus coinnítear doirse dúnta a oiread agus is féidir.
ÁIS - Dún Seachlainn / Co. na Mí D. Fómhair - Nollaig	36,521	159,579	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	159,579	Oifigí & trádstóras nua, grád C3. Doirse dúnta agus soilse múchta a oiread is féidir. Soilse LED curtha isteach sna hoifigí, agus sa trádstóras.	Múchtar soilse agus coinnítear doirse dúnta a oiread agus is féidir.
Ráth Chairn (RC) / Co. na Mí	22,331	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Ní/bh	Taisc théitheoirí atá in úsáid agus sin an fáth nach bhfuil ach bille amháin anseo.	Múchtar soilse agus teas nuair a bhíonn seomra foamh agus coinnítear doirse dúnta a oiread agus is féidir.

REMUNERATION REPORT

The Guide to Accounts for the North/South Implementation Bodies issued by the Department of Finance in Northern Ireland and the Department of Public Expenditure and Reform in the Republic of Ireland requires the publication of office benefit and pension entitlements for certain senior staff.

Senior management are the Chief Executive and the directors. The Accountable Person in Foras na Gaeilge is the Chief Executive.

REMUNERATION POLICY

Foras na Gaeilge's remuneration policy is to follow public sector salaries for staff based on the island of Ireland and as directed by Sponsoring Departments in the relevant jurisdiction

RECRUITMENT AND SELECTION POLICY

Staff appointments are made in accordance with the Language Body recruitment code which requires appointments to be made on merit principle on the basis of fair and open competition.

TERMINATION, COMPENSATION OR SEVERANCE PAYMENTS

During 2018 there were no termination, compensation or severance payments were made.

BENEFIT IN KIND

Benefit in kind covers any financial benefit given by the employer to staff and is treated as taxable office work. No member of senior management staff members received any benefits in kind in 2018.

BONUS PAYMENTS

It is not the policy of Foras na Gaeilge to pay bonus payments to senior management or staff. No bonus payments were made this year.

PAY MULTIPLES

Foras na Gaeilge is required to disclose the relationship between remuneration of the highest-paid director in the organisation and the median remuneration of the organisation's workforce.

	2018	2018	2017	2017
	€	£	€	£
The highest paid director	120,989	108,890	115,351	101,128
Median remuneration of staff	48,739	43,865	47,254	41,428
Ratio	2.48	2.48	2.4	2.4

The remuneration of the highest paid director in 2018 was €120,989 (2017: €115,351). This was 2.48 times the median salary of the workforce which in 2018 was €48,739 (2017: €47,254).

In 2017 and 2018 no employee received remuneration in excess of the highest paid director.

TUAIRISC AR LUACH SAOTHAIR

Éilfomn an Treoir do Chuntais do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas atá comheisithe ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bPoblacht na hÉireann go bhfoilseofaí teidlíochtaí sochair oifige agus pinsin i gcás baill shinsearacha foirne áirithe.

Is é lucht na hardbhainistíochta an Príomhfheidhmeannach agus na stiúrtóirí. Is é an Príomhfheidhmeannach an Duine Cuntasach i bhForas na Gaeilge.

POLASÁÍ ÍOCAÍOCHTA

Is é polasáí íocaíochta Fhoras na Gaeilge treoir na seirbhíse poiblí a leanúint i dtaobh tuarastail de ar oileán na hÉireann, agus faoi ordú na Ranna Coimircíochta sa dlínse chuí.

POLASÁÍ EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNAITHE

Earcaítear baill fhoirne de réir chód earcaíochta an Fhorais Teanga, cód a ordaíonn go ndéanfar ceapacháin ar phrionsabal an fhiúntais agus ar bhonn na hiomaíochta córa agus oscailte.

ÍOCAÍOCHTAÍ FOIRCEANTA, I GCÚITEAMH NÓ TÉARFA

Le linn 2018 níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta, i gcúiteamh nó téarfa.

SOCHAR COMHCINEÁIL

Clúdaíonn luach airgeadais ar shochar comhchineáil aon sochar tugtha ag an bhfostóir don fhoireann agus caitear leis mar shaothar oifige inchánach. Ní bhfuair baill fhoireann na hardbhainistíochta aon sochar comhchineáil in 2018.

ÍOCAÍOCHTAÍ SA BHREIS

Ní polasáí é i bhForas na Gaeilge íocaíochtaí sa bhreis a íoc le lucht na hardbhainistíochta nó leis an bhfoireann. Níor íocadh aon íocaíocht sa bhreis i mbliana.

IOLRAITHE PÁ

Éilítear ar Fhoras na Gaeilge an gaol idir luach saothair an stiúrtóra is airde pá san eagraíocht agus luach saothair airmheánach fhoireann na heagraíochta.

	2018 €	2018 £	2017 €	2017 £
An stiúrtóir is airde pá	120,989	108,890	115,351	101,128
Luach saothair airmheánach na foirne	48,739	43,865	47,254	41,428
Cóimheas	2.48	2.48	2.4	2.4

Ba é luach saothair an stiúrtóra ab airde pá in 2018 €120,989 (2017: €115,351). B'in 2.48 uair níos mó ná luach saothair airmheánach na foirne, ba é sin €48,739 in 2018 (2017: €47,254).

Ní bhfuair aon fhostaí in 2018 nó 2017 luach saothair níos mó ná an stiúrtóir ab airde pá.

**SALARY AND PENSION ENTITLEMENTS OF SENIOR
MANAGEMENT**

	Chief Executive	Director of Developmental Services	Director of Corporate Services	Director of Publishing, Lexicography and Terminology	Deputy Chief Executive Director of Education Services
	S. Ó Coinn				*
Salary 2018	€117,203	€99,408	€91,943	€96,506	€57,117
Pension Age Accrued Benefit at 31 12 18	€11,300	€48,300	€3,100	€10,000	€2,000
Accumulated lump sum at 31 12 18	€34,000	€144,900	€12,800	€30,100	-
Actual Increase in Benefit at Pension Age	€1,300	€4,300	€1,100	€2,000	€2,000
Actual Increase of Lump Sum at Pension Age	€5,000	€13,900	€6,800	€6,100	-
CETV @ 31/12/17	€204,000	€1,033,000	€29,000	€180,000	€14,000
CETV @ 31/12/18	€255,400	€1,119,700	€47,800	€238,000	€15,900
Actual increase in CETV	€51,400	€86,700	€18,800	€58,000	€1,900
Value of Accrued Pension Benefits in 2017	€128,000	€27,000	€18,000	€25,000	€9,000
Value of Accrued Pension Benefits in 2018	€31,000	€99,900	€28,800	€46,100	€40,000

* This member joined the scheme in August 2017.

NOTES:

The Cash Equivalent Transfer Value (CETV) is not determined and is published for illustrative purposes only.

Cash Equivalent Transfer Value Calculation (CETV) is based on projected pension benefits on the 31 December 2017 and 31 December 2018. Staff contributions are included in the value of pension benefits payable in 2017 and 2018 because data on individuals is not available. In the case of members over normal retirement age no CETV factors are published. In these cases, we calculated an estimated factor using extrapolation.

The calculations in the table above are based on salaries as of March 31, 2017 which is the renewal date for the North South Pension Scheme.

SALARY BANDS FOR EMPLOYEES

The following displays the number of employees at the end of the year in which their emoluments (including pension contributions) fell within the following bands (this represents the annual office benefits):

	2018	2017
	Number	Number
Less than €40,000	19	18
€40,001 - €50,000	14	12
€50,001 - €60,000	7	11
€60,001 - €70,000	4	5
€70,001 - €80,000	8	8
€80,001 - €90,000	1	2
€90,001 - €100,000	2	1
The Agency achieves its monitoring and evaluation targets with bi-monthly Board meetings, Audit and Risk Committee meetings, a Grants Committee and a Grants Appeal Committee. Externally the Agency attended three monitoring meetings with Foras na Gaeilge and Sponsoring Departments meetings by year end. The Director of Corporate Services attends the Chief Executives' Pension Committee on behalf of the Chief Executive as well as various working groups with other members of the North/South bodies. The staff officer accountant attends finance committees and the HR and office manager attends the HR Committee.

Athbhreithniú ar an mBliain

Téamaí Straitéiseacha

Ina plean gnó do 2018 d'aithin an Gníomhaireacht na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas don bhliain, de réir an phlean chorparáidigh do 2017-19:

AS1 – Inspioráid

Aithneoidh, léirmhíneoidh agus cuirfidh an Gníomhaireacht i láthair teanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise.

AS2 – Oideachas

Oibreoidh an Gníomhaireacht lena chinntiú go bhfuil foghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise comhtháite ar fud an chórais oideachais.

AS3 – Cumasú

Tabharfaidh an Gníomhaireacht eolas agus scileanna do dhaoine aonarach agus do ghrúpaí le bheith páirteach in oidhreacht, teanga agus cultúr na hUltaise.

AS4 – Rannpháirtíocht

Déanfaidh an Gníomhaireacht for-rochtain go háitiúil agus ar fud na cruinne, le cairdeas a fheabhsú le daoine i gCúige Uladh nach Albanach-Uladh a bpríomhfhéiniúlacht, agus le dáimh a chothú le daoine taobh amuigh de Chúige Uladh a chomhroinneann ár bhféiniúlacht.

In 2018 tháinig baill foirne nua ar bord, lena n-áirítear Stiúrthóir eile i bpost atá i ndiaidh smaointe agus tuairimí úra a chur isteach in obair na Gníomhaireachta.

Mar gheall ar an tsáinn leis an bhfeidhmeannas ag Stormont bhí gné éiginnteachta ag baint leis an gcéad leath den bhliain maidir le buiséid, a chuir moill ar thiomantas i leith gnéithe dár bplean gnó. In ainneoin na mbrúnna seachtracha seo lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag obair tríd an dréachtphlean corparáideach & gnó agus d'fheidhmigh sí go maith le gach sprioc a bhaint amach i gcúinsí a bhí deacair in amanna.

Is féidir achoimre ar spriocanna an dréachtphlean chorparáidigh agus an dréachtphlean gnó a fheiceáil thíos:

Réimse Straitéiseach	Spriocanna PC	Spriocanna PG 2018
RS1 – Inspioráid	11	10
RS2 – Oideachas	10	12
RS3 – Cumasú	12	6
RS4 – Rannpháirtíocht	10	6

Cuireann an plean gnó taca faoi spriocanna an dréachtphlean chorparáidigh a leagann amach cad é mar is rún dúinn na cuspóirí corparáideacha a chur i gcrích.

Baineann an Gníomhaireacht amach a spriocanna monatóireachta agus measúnaithe le cruinnithe Boird dhá uair sa mhí, cruinnithe Coiste Iniúchta agus Riosca, Coiste na nDeontas agus Coiste Achomhair Deontas. Go seachtrach d'fhreastail an Gníomhaireacht ar thrí chruinniú monatóireachta le Foras na Gaeilge agus Ranna Coimircíochta faoi dheireadh na bliana. Freastalaíonn an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar Choiste Pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar ceann an phríomhfheidhmeannaigh chomh maith le grúpaí oibre éagsúla le baill eile de na Comhlachtaí Thuaidh/Theas. Freastalaíonn an cuntasóir oifigigh foirne ar choistí airgeadais agus freastalaíonn an bainisteoir AD agus oifige ar an gCoiste AD.

The Agency strives for the best performance from its staff and has training programmes in place to take care of governance, health and safety as well as technical training which in 2018 focused on GDPR legislation and preparing for its implementation during May 2018. An internal audit was conducted on the implementation which resulted in 5 recommendations to enhance the Agency's preparation for GDPR.

Individuals took training on financial standards and various financial processes in the Agency.

During the year the Agency reviewed and updated 30 + policies as well as introducing new policies. The Agency maintains a healthy working relationship with both Sponsoring Departments and strives to further strengthen these relationships.

The Agency approached the corporate plan by achieving the following highlights of activity through the business plan.

Tá an Gníomhaireacht ar a dícheall leis an fheidhmíocht is fearr a fháil óna foireann agus tá cláir oiliúna i bhfeidhm aici le cúram a dhéanamh den rialachas, cumhdach, sláinte agus sábháilteacht chomh maith le hoiliúint theicniúil a dhírigh in 2018 ar reachtaíocht a bhaineann le RGCS agus ullmhú chun í a chur i bhfeidhm le linn Bhealtaine 2018. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an bhfeidhmiú, a raibh de thoradh air cúig mholadh chun ullmhúchán na Gníomhaireachta do RGCS a fheabhsú.

Ghlac daoine aonair oiliúint ar chaighdeán airgeadais agus próisis airgeadais éagsúla sa Gníomhaireacht.

Le linn na bliana rinne an Gníomhaireacht athbhreithniú agus nuashonrú ar chorradh agus tríocha polasaí chomh maith le polasaithe eile a thabhairt isteach. Coinníonn an Gníomhaireacht caidreamh folláin oibre leis an dá Roinn Choimircíochta agus tá sí ar a dícheall leis na caidrimh seo a neartú.

Thug an Gníomhaireacht aghaidh ar an bplean corparáideach trí na buaic-phointí gníomhaíochta seo a leanas a bhaint amach tríd an bplean gnó.

SA1 – INSPIRE

2018 has been another successful year for the Agency and we have achieved the majority of the targets within the corporate plan and business plan. Areas in which there have been delays centred on the establishment of Hairtlan. It has proved more difficult to establish these areas with the councils that control the areas in which we are seeking to designate as Hairtlans. The area around Islandmagee is one of the proposed areas for a Hairtlan, however it will be April 2019 before the council have completed their schedules of work in the area. The second area that is under consideration is in the Cullybackey area and some preliminary discussions have taken place around this idea.

Annual Burns Concert

The Agency hosted its 7th Annual Burns Concert with the Ulster Orchestra on Saturday 27th January 2018. Entertainment on the night included performances by Phil Cunningham and Aly Bain, singer Robyn Stapleton, the Ulster-Scots Agency Juvenile Pipe Band, Markethill Ulster-Scots dancers, Robert Burns Live performer Christopher Tait and the Ulster Orchestra. It ranked amongst the top selling concerts of the year for the Ulster Orchestra. Another positive was an increase in the number of Burns Night events taking place across the province being reported. Anecdotal feedback for the concert itself has been positive, research has been carried out into the event to inform decisions on future formats.



Burns Week

To compliment the concert a Belfast Burns Week was devised to celebrate the birthday of Robert Burns. Events included lectures by Blue badge guides and historians as well as free community events which included traditional entertainment. The Linen Hall library hosted tours of the Gibson collection which is the largest collection of Burns material in the world outside of Scotland.

AS1 – INSPIORÁID

Bliain rathúil eile a bhí in 2018 don Ghníomhaireacht agus tá bunús na spriocanna sa phlean corparáideach agus sa phlean gnó bainte amach againn. Bunú Hairtlan an réimse ba mhó a raibh moill ag baint leis. Tá sé níos deacra na ceantair seo a bhunú leis na comhairlí a rialaíonn na ceantair atáimid ag iarraidh a ainmniú mar Hairtlans. Tá an ceantar thart timpeall ar Oileán Mhic Aodha ar cheann de na ceantair atá molta faoi choinne Hairtlan, ach beidh Aibreán 2019 ann sula mbeidh a gcuid sceideal oibre déanta ag an gcomhairle sa cheantar. Tá an dara ceantar atá á bhreithniú i gceantar Chúil na Baice agus tá roinnt réamhphlé déanta faoin smaoinemh seo.

Ceolchoirm bhliantúil Burns

D’óstáil an Ghníomhaireacht a seachtú ceolchoirm bhliantúil Burns le Ceolfhoireann Uladh Dé Sathairn an 27 Eanáir 2018. Mar chuid den tsiamsaíocht ar an oíche bhí léirithe ag Phil Cunningham agus Aly Bain, an t-amhránaí Robyn Stapleton, Ógbhanna Píob Ghníomhaireacht na hUltaise, Damhsóirí Ultaise Chnoc an Mhargaidh, léiritheoir Robert Burns Beo Christopher Tait, agus Ceolfhoireann Uladh. Bhí sé i measc na gceolchoirmeacha is mó díol sa bhliain do Cheolfhoireann Uladh. Rud dearfach eile ba ea ardú i líon na n-imeachtaí a bhaineann le hOíche Burns a tuairiscíodh a bheith ar siúl ar fud an chúige. Bhí aiseolas starógach don cheolchoirm féin dearfach, tá taighde déanta ar an imeacht le heolas a chur ar fáil faoi choinne cinntí ar fhormáidí amach anseo.


Seachtain Burns

Le cur leis an gceolchoirm cinneadh Seachtain Burns Bhéal Feirste a réachtáil le breithlá Robert Burns a cheiliúradh. I measc na n-imeachtaí bhí léachtaí ag treoraithe suaitheantais ghoirm chomh maith le himeachtaí pobail saor in aisce lenar áiríodh siamsaíocht thraidisiúnta. D’óstáil Leabharlann Halla an Línéad-aigh turais ar bhailiúchán Gibson, an bailiúchán ábhar Burns is mó ar an domhan taobh amuigh d’Albain.

Foilseacháin Ultaise

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag foilsíú ábhair a bhain leis an Ultais. I measc na bhfoilseachán seo bhí lainseáil an leabhair *Roots of Presbyterianism in Donegal* leis an Urramach Leckey. Tá sé spéisiúil go ndearnadh cló an leabhair féin a scannánú do pháosa gairid teilifíse mar ba iad na clódóirí bunchlódóirí an leabhair tá 120 bliain ó shin.

I mí na Samhna 2018 lainseáladh an leabhar *Tyrone Nurses – Tell Them of Us* a insíonn scéal iontach faoi altra ó Chontae Thír Eoghain a thug aire do shaighdiúirí gortaithe sa Fhrainc le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, i ndiaidh ospidéal a chur ar bun ar neamhchhead do thaoisigh mhíleata na Breataine. Glacadh go an-mhaith leis an leabhar agus fuair sé aird nach beag ó na meáin.



Ulster-Scots Publications

The Agency continued to publish Ulster-Scots relevant subjects. These publications included the Launch of *Roots of Presbyterianism in Donegal* book by Reverend Leckey. Interestingly the printing of the book itself was filmed for a short TV piece as the printers were the original printers of the book 120 years ago.

November 2018 saw the launch of the *Tyrone Nurses – Tell Them of Us* book which tells the remarkable story of a Co Tyrone nurse who tended wounded soldiers in France during the First World War, after setting up a hospital in defiance of British military chiefs. The book was very well received and garnered considerable media attention.

Eric Montgomery Gallery

A refit of the lecture space in the Discover Ulster-Scots Centre to reflect our connections with the USA was completed during July 2018. It was named the Montgomery Gallery in memory of Eric Montgomery, a long-time champion of Ulster-Scots heritage, who was head of the Government Information Service in Northern Ireland and played a key role in the establishment of the Ulster-American Folk Park at Omagh and the American Frontier Culture Museum in Virginia. He was also a founder of the Ulster-Scot Historical Society, which later became the Ulster Historical Foundation.

Nashville in Belfast Week

The Agency was a partner in the delivery of Nashville in Belfast Week by Belfast City Council from 28th April to 6th May. We organised a reception for the visiting Nashville delegation, which took place in the Discover Ulster-Scots Centre. The reception was addressed by Arlene Foster MLA and also included the launch of our new publication Andrew Jackson – The First Scotch-Irish President.



The Agency also participated on Belfast City Council's North American Stakeholder Group, which aims to support joined up working in relation to connections with North America.

The Agency worked with Killinchy Parish Church to support the delivery of a weekend festival programme at the end of September, based around the area's connection with Rev John Livingston, one of the earliest Presbyterian ministers in Ulster, who was aboard the Eagle Wing. Information which came to light about the Livingston family was also able to be incorporated in the exhibition panels that the Agency has developed for New Orleans in collaboration with the NI Bureau.

Positive discussions took place between the Agency, Republic of Ireland Officials and representatives from the Council of Europe in relation to the possibility of Ireland ratifying the European Charter for Regional or Minority Languages in respect of Irish and Ulster-Scots. The Agency is carrying out scoping work to identify the practical steps that could be taken in relation to Ulster-Scots if we were to be recognised under Part II of the Charter in the Republic of Ireland.

The Agency celebrated European Languages Day with the CEO addressing a symposium at the European Commission Offices in London; staff participating in language workshops for Agency staff and social media campaign which had a collective reach of nearly 10,000 views.

Dánlann Eric Montgomery

Cuireadh athchóiriú ar an spás léachtóireachta in Ionad Eolais na hUltaise i gcrích le linn Iúil 2018 lenár naisc le SAM a léiriú. Cuireadh Dánlann Montgomery air, i gcuimhne ar Eric Montgomery, crann taca d'oidhreacht na hUltaise ar feadh i bhfad, a bhí ina cheannaire ar an tSeirbhís Eolais Rialtais i dTuaisceart Éireann agus a d'imir príomhról i mbunú Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá ar an Ómaigh agus Músaem Chultúr Chríoch Mheiriceá in Virginia. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann Staire Albanaigh Uladh chomh maith, a ndearnadh Fondúireacht Staire Uladh de ina dhiaidh sin.



The Montgomery Gallery

Seachtain Nashville i mBéal Feirste

Bhí an Gníomhaireacht ina comhpháirtí ag cur i gcrích Sheachtain Nashville i mBéal Feirste le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ón 28 Aibreán go dtí an 6 Bealtaine. D'agraíomar fáiltiú don toiscaireacht ar cuairt ó Nashville, a bhí ar siúl in Ionad Eolais na hUltaise. Thug Arlene Foster BTR óráid ag an bhfáiltiú, agus lainseáladh lena linn chomh maith ár bhfoilseachán nua, *Andrew Jackson – The First Scotch-Irish President*.

Ghlac an Gníomhaireacht páirt chomh maith i ngrúpa páirtithe leasmhara Mheiriceá Thuaidh Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, a bhfuil d'aidhm aige a bheith ag obair i dtaca le naisc le Meiriceá Thuaidh.

D'oibrigh an Gníomhaireacht le hEaglais Pharóiste Chill Dhuinsí le tacú le soláthar clár féile deireadh seachtaine ag deireadh mhí Mheán Fómhair, bunaithe ar nasc an cheantair leis an Urramach John Livingston, duine de na chéad mhinistí Preispitéireacha i gCúige Uladh, a bhí ar an Eagle Wing. Bhíothas in ann eolas a tháinig chun solais faoi theaghlaigh Livingston a chur san áireamh sna painéil taispeántais atá forbartha ag an nGníomhaireacht do New Orleans i gcomhpháirt le Biúró TÉ.

Bhí plé dearfach ar siúl idir an Gníomhaireacht, feidhmeannaigh de chuid Phoblacht na hÉireann agus ionadaithe ó Chomhairle na hEorpa maidir leis an bhféidearthacht go ndaingneoidh Éire an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh i leith na hUltaise. Tá an Gníomhaireacht ag déanamh obair scoipe le céimeanna praiticiúla a aithint a d'fhéadfaí a ghlacadh i leith na hUltaise dá n-aithneofaí sinn faoi Chuid II den chairt i bPoblacht na hÉireann.

Cheiliúir an Gníomhaireacht Lá Eorpach na dTeangacha leis an POF ag tabhairt óraíde ag siompóisiam ag Oifigí an Choimisiúin Eorpaigh i Londain; ghlac baill foirne páirt i gceardlanna teanga do bhaill foirne na Gníomhaireachta agus feachtas sna meáin shóisialta ag a raibh 10,000 radharc ar fad.

SA2- EDUCATE

The education team had a productive year and exceeded targets in many places including Flagship Schools experiencing 30% extra activity and Music and Dance tuition seeing a spike in demand where we were able to increase activity by 80% due to additional funding becoming available. A total of £208,406 worth of investment was dedicated to Language and Education resources and programmes.

Flagship Schools Programme

The Flagship programme is designed to support primary schools in the development of high quality educational and curriculum opportunities for children and young people to learn more about Ulster-Scots traditions and culture. The Flagship Programme is a popular and well-received series of activities that bring an in-depth study of subjects chosen by the schools. 26 schools in total are currently in receipt of support for the programme. 13 Schools received the award during 2018.

Touring Drama

The Ulster-Scots touring drama brings an understanding of Ulster-Scots history through the medium of drama. It has become very popular with schools in both primary and post primary sectors and has been adapted by at least one post primary school for BTEC accreditation. This was another very successful project whereby 30 schools had the opportunity to see the drama “Old Glory” which held particular significance in the tercentenary of the 1718 migration of the Ulster-Scots to America. The drama highlighted the impact of Ulster-Scots people in American history and the building of that nation. We had the drama tweaked to focus more on the Nutfield Settlement which became Londonderry, New Hampshire. Again, the feedback from all participating schools was very positive.

After-Schools Clubs

The after school club programme proved to very successful in 2018 with demand outweighing supply. The clubs give pupils and staff a taster of the various strands of the Ulster-Scots language and culture and serve as a very successful “taster” for more in-depth programmes such as Flagship Programme. The feedback from teachers has been very positive and this was reflected by the number of schools that contacted us, having heard of the programme from teachers in other schools.

Music and dance tuition in schools & OCN Qualifications

The now annual awards in Piping and Drumming and also OCN Lambeg Drumming went well with two presentations being held in Parliament Buildings, Stormont. Over 200 children across the Province qualified in their Foundation Piping and Drumming and over 130 children received their OCN certificates in Lambeg Drumming. During 2018, a total of 78 applications were received from schools for Ulster-Scots music and/or dance tuition. This is a substantial increase in demand from the previous year, representing an increase of over 37%. The schools are located throughout Ulster and come from primary and post primary sectors: 67 schools are in NI and 11 in ROI; 60 applicants are primary schools, 17 are post primary and 1 school is an all age independent school. Piping and drumming continues to be the most popular form of tuition with a growing uptake in accreditation. Challenges for the future of the programme are that the volume of applications is rising each year which are competing for a very limited available budget.

RS2 – OIDEACHAS

Bhí bliain tháirgiúil ag an bhfoireann oideachais agus sháraigh siad spriocanna ina lán áiteanna, lena n-áirítear 30% de ghníomhaíocht bhreise ag scoileanna suaitheantais, agus borradh géar i dteagasc ceoil agus damhsa, mar a rabhamar in ann gníomhaíocht a ardú 80% mar gheall ar mhaoiniú breise a bheith ar fáil. Tiomnaíodh luach £208,406 d'infheistíocht san iomlán d'acmhainní agus do chláir theanga agus oideachais.

Clár Scoileanna Suaitheantais

Tá an Clár Suaitheantais deartha le tacaíocht a thabhairt do scoileanna i bhforbairt deiseanna oideachais agus curaclaim ar ardchaighdeán do pháistí agus daoine óga le níos mó a fhoghlaim faoi thraidisiúin agus cultúir na hUltaise. Is sraith de ghníomhaíochtaí é an Clár Suaitheantais a bhfuil ráchairt air agus glacadh maith leis, a thugann leis staidéar domhain ar ábhair roghnaithe ag na scoileanna. Tá 26 scoil ar fad ag fáil tacaíochta faoin gclár faoi láthair. Fuair trí scoil déag an duais le linn 2018.

Dráma ar camchuairt

Tugann dráma camchuirte na hUltaise tuiscint ar stair na hUltaise trí mheán na drámaíochta. Tá ráchairt mhór air anois ó scoileanna san earnáil bhunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta araon agus tá ar a laghad iar-bhunscoil amháin i ndiaidh é a chóiriú do chreidiúnú BTEC. Tionscadal an-rathúil eile ba ea é seo ina raibh an deis ag 30 scoil an dráma *Old Glory* a fheiceáil, a raibh tábhacht ar leith ag baint leis agus trí chéad bliain á chomóradh ó imirce na nAlbanach Ultach go Meiriceá in 1718. Chuir an dráma béim ar thionchar na nAlbanach Ultach ar stair Mheiriceá agus ar thógáil an náisiúin sin. Rinneamar coigeartú ar an dráma le go mbeadh níos mó béime ar lonnaíocht Nutfield, ar tugadh air ina dhiaidh sin Londonderry, New Hampshire. Arís, bhí an t-aiseolas ó gach scoil a bhí rannpháirteach ann iontach dearfach.

Clubanna iarscoile

Bhí an club iarscoile an-rathúil in 2018, agus bhí an t-éileamh níos mó ná an soláthar. Tugann na clubanna blaiseadh do dhaltáí agus do bhaill foirne ar shnáitheanna éagsúla de theanga agus de chultúr na hUltaise agus is blaiseadh an-mhaith iad faoi choinne cláir níos doimhne, cosúil leis an gClár Suaitheantais. Bhí an t-aiseolas ó mhúinteoirí iontach dearfach agus léiríodh seo tríd an líon scoileanna a rinne teagmháil linn, i ndiaidh cluinstitín faoin gclár ó mhúinteoirí i scoileanna eile.

Teagasc ceoil agus damhsa i scoileanna & cáilíochtaí an Líonra Coláistí Oscailte (LCO)

D'éirigh go maith leis na gradaim, atá bliantúil anois, sa phiobaireacht agus sa drumadóireacht, agus LCO sa drumadóireacht Lann Bheag, le dhá bhronnadh ar siúl i dTithe na Parlaiminte, Stormont. Cháiligh corradh is 200 páiste ar fud an chúige ina mbonnphiobaireacht agus ina mbonndrumadóireacht agus fuair corradh is 130 páiste a dteastais LCO i ndrumadóireacht Lann Bheag. Le linn 2018 fuarthas ocht n-iarratas agus seachtó ar fad ó scoileanna faoi choinne teagasc ceoil agus/nó damhsa Ultaise. Is ardú suntasach é seo san éileamh ón bhliain roimhe, arb ionann é agus 37% de mhéadú. Tá na scoileanna suite ar fud Chúige Uladh agus tá siad san earnáil bunscoile agus san earnáil iar-bhunscoile: Tá seacht scoil agus seasca in TÉ agus 11 in PÉ; is bunscoileanna iad seasca iarratasóir, is iar-bhunscoileanna iad seacht n-iarratasóir déag agus is scoil neamhspleách uile-aoise í scoil amháin. Is iad piobaireacht agus drumadóireacht go fóill na cineálacha teagaisc is mó éileamh, le níos mó daoine ag glacadh le creidiúnú. Is dúshlán do thodhchaí an chlár go bhfuil líon na n-iarratas ag ardú gach bliain agus iad i gcomórtas le chéile faoi choinne buiséid atá iontach teoranta.



Education developments 2018

The Land of Promise

A new Ulster-Scots teaching and learning resource for primary schools has been developed and will be hosted on the Northern Ireland Curriculum website by the NI Council for Curriculum Examinations and Assessment (CCEA). This places Ulster-Scots content in the curriculum portal used by all schools in Northern Ireland. The resource is called *The Land of Promise – Ulster-Scots Emigration to America*. It features a range of multimedia assets including specially commissioned drama productions about key aspects of the 1718 emigration of Ulster-Scots to New England where they established settlements. These are designed to provide stimulus for a range of teaching and learning activities that have been developed as part of the resource.

In addition to the historical value it provides opportunities for teachers to explore contemporary issues such as immigration and inclusion. The emigration story has been mapped to the curriculum, providing teachers with ideas for connected learning in all curriculum areas in Key Stage 2 (upper primary level). Links have been established with education policymakers, school authorities and teachers in Maine, USA, and it is intended to encourage collaboration between schools there and in Ulster, using the story of Ulster-Scots emigration as a focus. International collaboration is encouraged in NI schools.

In partnership with Tourism Ireland the Ulster-Scots Agency commissioned a film crew to visit New England to gather video assets of the region to be used in current and future projects. Filming took place in Maine and New Hampshire and three short videos were produced and can be viewed via our social media channels.


Apollo's Fire Concert

Filming of the Apollo's Fire concert in Belfast and the accompanying video will include interviews with musicians speaking about the origins of their music and the instruments they play. This can be used as an educational resource for use in schools.

Forbairtí oideachais 2018

The Land of Promise

Tá acmhainn nua teagaisc agus foghlama Ultaise do bhunscoileanna forbartha agus óstálfar é ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe TÉ (CCSM). Cuir-eann seo ábhar Ultaise ar an tairseach churaclaim atá in úsáid ag gach scoil i dTuaisceart Éireann. Is é is teideal don acmhainn *The Land of Promise – Ulster-Scots Emigration to America*. Tá réimse sócmhainní ilmheáin ann, lena n-áirítear léirithe dráma sainchoimisiúnaithe faoi phríomhghnéithe d'imirce na nAlbanach Ultach in 1718 go Sasana Nua, mar ar bhunaigh siad lonnaíochtaí. Dearadh iad seo le spreagadh a thabhairt faoi choinne réimse gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama atá forbartha mar chuid den acmhainn.



Chomh maith leis an luach stairiúil tugann sé deiseanna do mhúinteoirí ceisteanna comhaimseartha a fhiosrú, cosúil leis an imirce agus ionchuimsiú. Tá scéal na himirce mapáilte don churaclam, ag cur ar fáil do mhúinteoirí smaointe don fhoghlaim nasctha i ngach réimse foghlama in Eochairchéim 2 (leibhéal uachtarach bunscoile). Tá naisc bunaithe le lucht déanta polasaí oideachais, údarais scoile agus múinteoirí in Maine, SAM, agus tá rún ann comhoibriú a spreagadh idir scoileanna thall agus i gCúige Uladh, ag úsáid scéal imirce na hUltaise mar fhócas. Spreagtar an comhoibriú idimáisiúnta i scoileanna TÉ.

I gcomhpháirt le Turasóireacht Éireann choimisiúnaigh Gníomhaireacht na hUltaise criú scannánaíochta le cuairt a thabhairt ar Shasana Nua le sócmhainní fise an réigiúin a bhailiú le húsáid sa tionscadal reatha agus i dtionscadail amach anseo. Bhí scannánaíocht ar siúl in Maine agus New Hampshire agus rinneadh trí fhíseán ghairide agus is féidir iad a fheiceáil ar ár gcanéil meán shóisialta.

Ceolchoirm Apollo's Fire

San áireamh sa scannán ar cheolchoirm Apollo's Fire agus an físeán a bheidh leis beidh agallaimh le ceoltóirí ag labhairt faoi bhunús a gceoil agus na huirlisí a sheinneann siad. Is féidir seo a úsáid mar acmhainn oideachais i scoileanna.

SA3 - EMPOWER

Corefunded Groups

Investment of £370,860 was committed to core funded groups undertaking Ulster-Scots activities.

The USCN assisted member groups to secure necessary funding of £560K to support, design and deliver projects. The USCN also provided an advice service via one to one sessions with 497 member groups on a range of relevant issues.

They also provide a grant applicant support programme focused on Ulster-Scots Agency Festival and music and dance tuition funding schemes and follow up support for applicants/grant claims process. One of the mechanisms for this was via ten geographically diverse information sessions throughout 2018.

The USCN delivered presentations on a range of Ulster-Scots cultural and historical and history topics. This was delivered to fifty eight schools and a diverse mix of historical societies, libraries, women's and older peoples groups.

The delivery of accredited learning opportunities via the Open College Network on Ulster-Scots cultural identity proved popular with 134 attendees which resulted in eighty four accreditations.

The USCN worked hard to increase walk in visitors to the Discover Ulster-Scots by exceeding their target by an extra 100 visitors per month.

The Monreagh Heritage Centre continued to perform well showcasing Ulster-Scots heritage in Donegal by supporting the development of Ulster-Scots through a range of workshops, events and Ulster-Scots themed exhibitions.

During 2017 the centre saw a refresh of the centre with new displays and signage which complimented the earlier upgrading of the President's suite. It's success was reflected in the upturn of visitor figures during 2018. Throughout the year as well as the more routine work they hosted a successful Burns supper and supported visitors in the research of 41 family trees. The major success story of the year was the Gathering of the Clans of East Donegal and Foyle Valley which was very well attended and has gained enough publicity for requests for further events of this type.

Under the Agency's Financial Assistance Scheme funding of £802,047 went towards bringing to fruition many different projects.

Music and dance tuition in the community

The Agency provided grant aid to 126 projects, which provided tuition in Scottish country and Highland dance, piping, drumming, accordion, flute, drum major, fife and Lambeg drumming. Over 2000 people attended tuition classes supported by the Agency in 2018. We also saw an increase in applications from groups in the border counties from the previous year.

Financial Assistance Schemes - Other

During the year the Agency continued to support the work of the USA Juvenile Pipe Band and Mid Armagh Community Network plus the provision of a community radio station for two weeks in Kilkeel. The Agency also supported community development through the Community Impact Programme.

RS3 – CUMASÚ

Grúpaí bunmhaoinithe

Tiomnaíodh £370,860 d'infheistíocht do ghrúpaí bunmhaoinithe atá ag gabháil gníomhaíochtaí Ultaise de láimh.

Chuidigh Líonra Pobail na hUltaise (LPU) le ballghrúpaí maoiniú riachtanach £560K a fháil le tacú le tionscadail, iad a dhearadh agus a chur i gcrích. Chuir LPU comhairle ar fáil chomh maith trí sheisiúin duine le duine le 497 ballghrúpa ar réimse saincheisteanna éagsúla.

Cuireann siad ar fáil chomh maith clár tacaíochta iarratasóra deontais, ag díriú ar Fhéile Gníomhaireacht na hUltaise agus scéimeanna maoinithe do theagasc ceoil agus damhsa agus tacaíocht leantach d'iarratasóirí/próisis éilimh deontais. Ceann de na meicníochtaí dó seo ba ea deich seisiún eolais in áiteanna éagsúla i rith 2018.

Rinne LPU cur i láthair ar réimse de thopaicí cultúrtha agus stairiúla Ultaise. Cuireadh seo ar fáil d'ocht scoil agus caoga agus do mheascán ilchineálach de chumainn staire, leabharlanna, grúpaí ban agus grúpaí do dhaoine níos sine.

Bhí ráchairt ar sholáthar deiseanna foghlama creidiúnaithe ar fhéiniúlacht chultúrtha na hUltaise tríd an Líonra Coláistí Oscailte, le 134 dhuine i láthair, a raibh de thoradh air ceithre chreidiúnú agus ochtó.

D'oibrigh LPU go crua le líon na gcustaiméirí a thagann isteach ar a gcoiscéim in Ionad Eolais na hUltaise a mhéadú, agus sháraigh siad a sprioc de 100 cuairteoir breise sa mhí.

Bhí Ionad Oideachais agus Oidhreacht Mhóin Riabhach go fóill ag cruthú go maith, ag cur i láthair oidhreacht na hUltaise i nDún na nGall trí thacú le forbairt na hUltaise trí réimse ceardlann, imeachtaí agus taispeántas le téama Ultaise.

Le linn 2017 rinneadh athnuachan ar an ionad le taispeántais agus comharthaí nua a chuir le huasghrádú sheomra an Uachtaráin a rinneadh roimhe sin. Léiríodh a rath sa bhorradh ar líon na gcuariteoirí in 2018. I rith na bliana chomh maith le gnáthobair d'óstáil siad suipéar Burns, ar éirigh go maith leis, agus thacaigh siad le cuairteoirí ag déanamh taighde ar chraobh ghinealaigh agus daichead. Ba é mórscéal ratha na bliana Cruinniú Chlanna Oirthear Dhún na nGall agus Ghleann an Fheabhail, a raibh freastal an-mhaith air agus, agus tá go leor poiblíochta faighte aige le hiarratais a fháil faoi choinne imeachtaí eile den chineál seo.

Faoi Scéim Cúnaimh Airgeadais na Gníomhaireachta chuaigh £802,047 de mhaoiniú i dtreo cuid mhór tionscadal éagsúil a thabhairt chun críche.

Teagasc ceoil agus damhsa sa phobal

Thug an Gníomhaireacht cúnaimh deontais do 126 thionscadal, lena n-áirítear damhsa tíre Albanach agus damhsa na nGarbhchríoch, píobaireacht, drumadóireacht, cairdín, feadóg mhór, maor drumá, fíif agus drumadóireacht Lann Bheag. D'fhreastail corradh is 2000 duine ar ranganna teagaise a fuair tacaíocht ón nGníomhaireacht in 2018. Chonaiceamar ardú ón bliain roimhe in iarratais chomh maith ó ghrúpaí i gcontaetha na teorann.

Scéimeanna Cúnaimh Airgeadais - Eile

Le linn na bliana lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag tacú le hobair Ógbhanna Píob Gníomhaireacht na hUltaise agus Líonra Pobail Lár Ard Mhacha, chomh maith le stáisiún raidió pobail a chur ar fáil ar feadh dhá sheachtain in gCill Chaoil. Thacaigh an Gníomhaireacht chomh maith le forbairt pobail tríd an gClár Tionchair Pobail.

Summer schools

The Agency provided funding for twenty two summer schools including a very successful residential summer school in Raphoe, which brought local children together with young people from Arranmore Island and Northern Ireland and made use of the Raphoe exhibition space.

Community Impact

The Agency continued to fund three projects under this programme. All three projects were independently evaluated during 2017 and continue to increase participation and capacity. The three projects delivered a wide range of programmes and have obtained programme funding from numerous other sources including the Big Lottery Fund and the Arts Council.

Community showcases

During 2018 we provided financial support to thirty small community events including, lectures, masterclasses, Burns events, and Ulster-Scots evenings. Of the thirty showcase events supported, sixteen were in the border counties. We supported a wide variety of showcase events in Counties Monaghan and Cavan and worked in partnership with the USCN to offer community outreach opportunities at a number of events in Monaghan and Cavan.

Community festivals

The Agency supported community festivals including the East Donegal and Foyle Family History Festival in Burt, County Donegal, which attracted a lot of visitors from the USA and the Fringe Festival in Londonderry , which was a very innovative festival hosted in the two weeks running up to the Maiden City Festival.

Border counties

Approximately 2,500 people attended the Raphoe Ulster-Scots Heritage Day in Raphoe during September 2018, this was a celebration of the rich piping and drumming tradition of East Donegal. Eleven pipe bands from Counties Donegal, Tyrone and Monaghan attended the event along with individual pipers and drummers from a number of bands throughout Northern Ireland.

Scoileanna samhraidh

Chuir an Ghníomhaireacht maoiniú ar fáil do dhá scoil samhraidh agus fiche, a raibh scoil samhraidh chónaithe rathúil i Ráth Bhoth ina measc, a thug páistí áitiúla le chéile le daoine óga ó Oileán Árann Mhór agus ó Thuaisceart Éireann, agus a bhain úsáid as spás taispeántais Ráth Bhoth.

Tionchar ar an bpobal

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag maoiniú trí thionscadal faoin gclár seo. Rinneadh luacháil neamhspleách ar gach ceann de na trí thionscadal in 2017, agus tá siad go fóill ag méadú rannpháirtíochta agus cumais. Chuir na trí thionscadal réimse leathan clár ar fáil agus fuair siad maoiniú cláir ó fhoinse éagsúla eile lena n-áirítear Ciste Mór an Chrannchuir agus an Chomhairle Ealaíon.

Taispeántais phobail

Le linn 2018 chuireamar tacaíocht airgeadais ar fáil do thríocha imeacht pobail beag ar an n-áirítear léachtaí, máistir-ranganna, ócáidí Burns, agus oícheanta Ultaise. As measc na dtíocha imeacht mórthaispeántais ar tacaíodh leo, bhí sé cinn déag acu i gcontaetha na teorann. Thacaíomar le réimse leathan imeachtaí mórthaispeántais i Contaetha Mhuineacháin agus an Chabháin, agus d'oibríomar i gcomhpháirt le LPU le deiseanna rochtana pobail a thairiscint ag roinnt imeachtaí i Muineachán agus sa Chabhán.

Féilte pobail

Thacaigh an Ghníomhaireacht le féilte pobail, lena n-áirítear Féile Staire Teaghlaigh Oirthear Dhún na nGall agus an Fheabhail ar an mBeart, i gContae Dhún na nGall, a mheall cuid mhór cuairteoirí ó SAM, agus an Fhéile ar an Imeall i nDoire, a bhí ina féile iontach nuálach a óstáladh sa dá sheachtain roimh Fhéile na hÓgh-Chathrach.

Contaetha na teorann

D'fhreastail timpeall 2,500 duine ar Lá Oidhreacht Ultaise Ráth Bhoth i Ráth Bhoth le linn Mheán Fómhair 2018. Ba cheiliúradh é seo ar thraidisiún saibhir píobaireachta agus drumadóireachta Oirthear Dhún na nGall. D'fhreastail aon bhanna píobaireachta dhéag ó Chontaetha Dhún na nGall, Thír Eoghain agus Mhuineacháin ar an imeacht, chomh maith le píobairí agus drumadóirí aonair ó roinnt bannaí ar fud Thuaisceart Éireann.

SA4 - ENGAGE

Joint Projects

The safeguarding team were involved heavily in the Department of Communities Arts and Culture aForum which has commissioned advisory services for the sector in conjunction with Foras Na Gaeilge. The corporate teams also worked together on the annual Section 75 duties and reports.

Showcasing USA

Following an opportunity offered by the Northern Ireland Bureau the Agency installed an exhibition in the Irish Cultural Museum in the historic French Quarter in New Orleans. The exhibition was launched on Saturday 20th October 2018 at a reception hosted by the NI Bureau. The Agency developed content that was locally relevant (New Orleans and Louisiana) and featured the contribution and legacy of Ulster-Scots to the city, state and country. In advance of the launch of the exhibition it was visited by Ambassador Dan Mulhall, the Irish Honorary Consul in New Orleans Judge James F. McKay and Richard Cushnie of the NI Bureau. The exhibition is permanently installed in the museum.

The Agency worked with Tourism NI, Tourism Ireland and the Irish Consulate at the Stone Mountain Highland Games in Atlanta. We were represented by the Linenhall Library CEO and also supported the participation of local author Billy Kennedy. The CEO of the Linenhall Library addressed several tourism focused events and worked at the two-day Highland games event. The Linenhall Library CEO also addressed a gathering at the Irish Consulate in Atlanta and met with Emory College and Georgia State University to promote the Ulster-Scots collections at the Linenhall Library. Billy Kennedy undertook a number of speaking engagements in both Tennessee and Georgia.

School twinnings

School twinnings are designed to meet many curricular requirements – geography, history, IT and the world around us. It allows pupils in disadvantaged areas to see places they would never otherwise see and teaches children about research and communication. School twinnings, the north/south and east/west twinnings went ahead and proved very successful. This year we involved a post primary school (Lisneal College) for the first time and we also had a very significant historical twinning between Derryboye PS and Dunlop PS in Ayrshire, the latter being the home of the Hamilton dynasty that founded the 1606 plantation in Down. The north/south twinnings taught children about their own social history and the social history of other areas. The feedback from all participating schools was very positive.

Corporate

Corporate plan & business plan 2018

An annual review of activity against the 2017-2019 corporate plan took place in January 2018, it showed that the Agency was on target to meet the vast majority of the aims and objectives as laid out in the plan.

The Agency achieves its monitoring and evaluation of business plan targets with regular staff meetings and monthly budget updates. During the year the Agency as mentioned above conducted nine Board meetings, four Audit and Risk Committee meetings as well as Grants and Grants Appeals Committees. Externally the Agency has attended 3 Monitoring meetings with Foras na Gaeilge and the Sponsoring Departments in year. Due to the lack of Stormont

RS4 – RANPHÁIRTÍOCHT

Comhthionscadail

Bhí páirt mhór ag an bhfoireann um chumhdach i bhFóram na Roinne Pobail, Ealaíon agus Cultúir um Chumhdach, a choimisiúnaigh seirbhísí comhairleacha don earnáil i gcomhar le Foras na Gaeilge. D'oibrigh na foirne corparáideacha le chéile chomh maith ar dhualgais agus tuairiscí bliantúla Alt 75.

Taispeántas SAM

Chuir Biúró Thuaisceart Éireann deis ar fáil agus shuiteáil an Ghníomhaireacht taispeántas sa Mhúsaem Cultúrtha Éireannach sa Cheathrú Fhancach stairiúil in New Orleans. Lainseáladh an taispeántas Dé Sathairn an 20 Deireadh Fómhair 2018 ag fáiltiú a d'óstáil Biúró TÉ. D'fhorbair an Ghníomhaireacht ábhar a raibh baint aige leis an réigiún (New Orleans agus Louisiana) agus is é a bhí ann ionchur agus oidhreacht na hUltaise sa chathair, sa stát agus sa tír. Roimh lainseáil an taispeántais thug an tAmbasadóir Dan Mulhall, Consal Onórach na hÉireann in New Orleans, an Breitheamh James F. McKay agus Richard Cushnie ó Bhiúró TÉ cuairt air. Tá an taispeántas suite go buan sa mhúsaem.

Bhí an Ghníomhaireacht ag obair le Turasóireacht Éireann agus Consalacht na hÉireann ag Cluichí Garbhchríoch Stone Mountain in Atlanta. Bhí POF Leabharlann Halla an Línéadaigh ag déanamh ionadaíochta dóibh agus thacaigh siad chomh maith le rannpháirtíocht an údair áitiúil Billy Kennedy. Thug POF Leabharlann Halla an Línéadaigh óráid ag roinnt imeachtaí dírithe ar an turasóireacht agus d'oibrigh sé ag an imeacht dhá lá a bhain le chuichí na nGarbhchríoch. Thug POF Leabharlann Halla an Línéadaigh óráid chomh maith ag cruinniú i gConsalacht na hÉireann in Atlanta agus bhuaíl sé le Coláiste Emory agus Ollscoil Stáit Georgia le bailiúcháin na hUltaise a chur chun cinn i Leabharlann Halla an Línéadaigh. Thug Billy Kennedy roinnt cainteanna in Tennessee agus Georgia araon.

Nascadh scoileanna

Tá nascadh scoileanna deartha le riar ar a lán riachtanas curaclaim – tíreolaíocht, stair, TF agus an saol thart orainn. Ligeann sé do dhaltaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste áiteanna a fheiceáil nach bhfeicfeadh siad ina éagmais agus múineann sé do pháistí faoi thaighde agus cumarsáid. Chuaigh an nascadh thuaidh/theas agus thoir/thiar ar aghaidh agus bhí siad an-rathúil. I mbliana thugamar iar-bhunscoil isteach (Coláiste Lios Néill) den chéad uair agus bhí nascadh stairiúil iontach suntasach againn idir Bunscoil Dhoire Bú agus Bunscoil Dhùn Lob i Siorrachd Inbhir Air, an áit as ar tháinig Clann Hamilton a bhunaigh plandáil 1606 i gContae an Dúin. Theagasc an nascadh thuaidh/theas do pháistí faoina stair shóisialta féin agus faoi stair shóisialta ceantar eile. Bhí an t-aiseolas ó gach scoil rannpháirteach iontach dearfach.

Corparáideach

Plean corparáideach & plean gnó 2018

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar ghníomhaíocht de réir phlean corparáideach 2017-2019 i mí Eanáir 2018 agus léirigh sé go raibh an Ghníomhaireacht ar sprioc ó thaobh an chuid is mó de na haidhmeanna agus cuspóirí mar a leagtar amach sa phlean a bhaint amach.

Déanann an Ghníomhaireacht a monatóireacht agus measúnú ar spriocanna an phlean gnó le cruinnithe rialta foirne agus nuashonruithe míosúla buiséid. Le linn na bliana bhí 9 gcrúinniú Boird, 4 iniúchadh agus cruinniú Coiste Riosca ag an nGníomhaireacht, chomh maith le cruinnithe Coistí Deontas agus Achomhairc Deontais. Go seachtrach, d'fhreastail an Ghníomhaireacht ar thrí chruinniú monatóireachta le Foras na Gaeilge agus na Ranna

executive there have been no North/South Ministerial Council meetings in year. The Director of Corporate Services attends the Chief Executives' Pension Committee on behalf of the Chief Executive as well as various working groups with other members of the North/South Bodies. The staff officer accountant attends finance committees and the newly appointed human resources and office manager attends the HR Committee.

Systems

The Agency continued to monitor its IT systems. There were no significant outages during the year or any breaches of security in the system.

Internal audit

Internal audit is an important part of the overall corporate governance of the Agency. The internal audit function is carried out by an external contractor so as to operate an independent appraisal function. The Internal Audit tests systems, associated procedures and controls and reports upon their effectiveness which Management then review and adjust as necessary to ensure robust systems of control are in place.

Below is the table of ratings that is achievable.

<i>Satisfactory</i>	<i>Overall there is a satisfactory system of governance, risk management and control. While there may be some residual risk identified, this should not significantly impact on the achievement of system objectives.</i>
<i>Limited</i>	<i>There are significant weaknesses within the governance, risk management and control framework which, if not addressed, could lead to the system objectives not being achieved.</i>
<i>Unsatisfactory</i>	<i>The system of governance, risk management and control has failed or there is a real and substantial risk that the system will fail to meet its objectives.</i>

During 2018 the Agency reviewed the following areas and ratings achieved:

Area audited 2018	Internal audit assurance rating
Credit card	Satisfactory
Fixed asset registers	Satisfactory
GDPR	Information Audit
Human resources	Satisfactory
IT security	Satisfactory
Payroll	Satisfactory
Safeguarding	Satisfactory
Travel and subsistence	Satisfactory
Hospitality	Satisfactory

Prompt payments

Monthly reviews were conducted to measure how promptly the Agency paid suppliers and grant payments. During 2018 the Agency ensured that 100% of supplier payments were issued within thirty days, in addition to this, 100% of grant payments were issued within fifteen days during 2018.

Coimircíochta i rith na bliana. Toisc nach bhfuil feidhmeannais in Stormont ní raibh aon chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas i mbliana. Freastalaíonn an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar Choiste Pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh chomh maith le grúpaí oibre éagsúla le baill eile de na Comhlachtaí Thuaidh/Theas. Freastalaíonn an Cuntasóir Oifigeach Foirne ar choistí airgeadais agus freastalaíonn an Bainisteoir Acmhainní Daonna agus Oifige ar an gCoiste AD.

Córais

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar a córais TF. Ní raibh aon éaradh seirbhíse suntasach ann le linn na bliana nó aon sárú slándála sa chóras.

Iniúchadh inmheánach

Is cuid thábhachtach de rialachas corparáideach iomlán na Gníomhaireachta é an t-iniúchadh inmheánach. Déanann conraitheoir seachtrach an t-iniúchadh inmheánach le breithmheas neamhspleách a chur i bhfeidhm. Déanann an t-iniúchadh inmheánach tástáil ar chórais, ar nósanna imeachta agus rialaithe bainteacha, agus tuairiscíonn sé ar a n-éifeachtúlacht, a ndéanann lucht bainistíochta athbhreithniú agus coigeartú orthu de réir mar is gá lena chinntiú go bhfuil córais láidre rialacháin i bhfeidhm.

Seo thíos tábla de na rátálacha atá inbhainte amach.

Sásúil	<i>Ar an iomlán tá córas sásúil rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe ann. Cé gq dj fécfle fj riosca iarmharach éigin a bheith aitheanta, níor chóir go gcuirfeadh igq'lsteach go suntasach ar chur i gcrích chuspóirí an chórais.</i>
Teoranta	<i>Tá laigi suntasacha sa ej tgc v'rialachais, bainistij griosca agus rialaithe, agus mura dtabharfar fúthu d'fhéadfadh sé go mbeadh dg thoradh air nach mbainfear cuspóirí amach.</i>
Neamhshásúil	<i>Tá teipthe ar an i etgc rialaithe, bainistithe riosca agus rialaithe nó tá riosca'lfjt nó substaintiúil cpp'go dteipfidh ar an i córas a chuspóirí a bhaint amach.</i>

Le linn 2018 d'athbhreithnigh an Ghníomhaireacht na réimsí seo a leanas agus seo na rátálacha a baineadh amach:

Réimse a iniúchadh in 2018	Grád ráthaiochta iniúchta inmheánaigh:
Cárta creidmheasa	Sásúil
Bainistíocht sócmhainní seasta	Sásúil
RGCS	Iniúchadh faisnéise
Acmhainní daonna	Sásúil
Slándáil TF	Sásúil
Párolla	Sásúil
Cumhdach	Sásúil
Taisteal agus cothabháil	Sásúil
Aíocht	Sásúil

Prasíocaíochtaí

